II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/99 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán") agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 17 Samhain 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí rothaí bóthair alúmanaim ("ARW") áirithe de thionscnamh Mharacó ("an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Comhlachas Mhonaróirí Rothaí na hEorpa ("an gearánach" nó "EUWA") isteach an 4 Deireadh Fómhair 2021. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán bhí fianaise maidir le dumpáil agus le díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Bearta sealadacha

(3) An 17 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún achoimre ar na dualgais bheartaithe ar fáil do pháirtithe agus mionsonraí maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach atá leormhaith chun an díobháil do thionscal an Aontais a bhaint. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de thrí lá oibre. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó, (IO C 464, 17.11.2021, lch. 19).

(4) An 15 Iúil 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ([3]) ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó ("an Rialachán sealadach").

1.3. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(5) Tar éis na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a nochtadh ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ("nochtadh sealadach"), chuir Dika Morocco Africa S.A.R.L ("Dika"), Hands 8 S.A. ("Hands"), Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa ("ACEA") agus EUWA aighneachtaí i scríbhinn isteach ag cur a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) den Rialachán sealadach. Ina theannta sin, tar éis dhul in éag an sprioc-ama chun barúlacha a chur isteach maidir leis an nochtadh sealadach, sholáthair Rialtas Mharacó aighneacht lena dtacaítear leis na maímh a rinne páirtithe eile maidir le dumpáil agus díobháil.

(6) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Bhí éisteachtaí ann le Dika, Hands, ACEA agus EUWA. Ina theannta sin, de dhroim na hiarrata ó Dika, reáchtáladh éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála an 7 Iúil 2022.

(7) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a thorthaí cinntitheacha. Reáchtáladh cuairt fíorúcháin amháin ar áitreabh úsáideora. Nuair a bhí na torthaí cinntitheacha á gcnuasach ag an gCoimisiún, sin é an uair a mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach, agus sin é an uair a rinne sé athbhreithniú ar a chuid conclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(8) An 17 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó ("nochtadh deiridh"). Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

(9) Tar éis an nochta deiridh, chuir ACEA, Dika, EUWQ, Hands agus Rialtas Mharacó barúlacha isteach.

(10) An 21 Samhain 2022, chuir an Coimisiún nochtadh deiridh breise chuig Hands maidir le ceartúcháin agus soiléirithe áirithe a rinneadh maidir lena ríomhanna dumpála ("nochtadh deiridh breise") agus thug sé tréimhse ar lena linn a d'fhéadfadh an chuideachta barúlacha a thabhairt. Sa bhreise air sin fuair na áirithe leasmhara go léir clárú maidir leis an mbunús leis na costais SGA a úsáideadh i ríomh an ghnáthluacha le haghaidh Hands. Chuir Hands barúlacha isteach ar dtugadh aghaidh orthu sa Rialachán.

(11) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht chomh maith. Bhí éisteachtaí ann le ACEA, Dika, EUWA agus Hands.

1.4. **Maímh maidir le tionscnamh**

(12) Tar éis an nochta shealadaigh níor chuir aon pháirtí leasmhar aon mhaíomh ná barúil isteach seachas na cinn dá dtagraítear i Roinn 1.4 den Rialachán sealadach. Dheimhnigh an Coimisiún dá bhrí sin a thorthaí agus a chonclúidí mar a leagtar amach in aithrisí (6) go (28) sa Rialachán sealadach.

1.5. **Sampláil**

(13) Níor tugadh aon bharúil i leith na samplála. Dá bhrí sin dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (29) go (34) den Rialachán sealadach.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairt fíoraithe**

(14) Mar a leagtar amach in aithris (35) den Rialachán sealadach, sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir de chuid an Aontais, chuig an ngearánach, chuig an dá úsáideoir aitheanta, agus chuig an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó (IO L 188, 15.7.2022, lch. 114).

(15) Mar a mhínítear in aithrisí (36) agus (37) den Rialachán sealadach, rinneadh freagraí na gceistneoirí a chros-seiceáil nó a fhíorú ag áitreabh an pháirtí is freagróir.

(16) Rinneadh cuairt fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag áitreabh úsáideora amháin. Ní nochtar ainm an úsáideora sin ar chúiseanna rúndachta i gcomhréir le haithris (5) den Rialachán sealadach.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(17) Mar a luaitear in aithris (38) den Rialachán sealadach, leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil cumhdaítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ("an tréimhse imscrúdúcháin"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.8. **Clárú**

(18) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934 ón gCoimisiún ([4]), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir clárú ("an Rialachán maidir le clárú").

(19) Mhaígh Hands go raibh an cinneadh le haghaidh clárú allmhairí gan bhunús, ós rud é nár comhlíonadh na coinníollacha de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(20) Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán mar bhunús dlí le haghaidh clárú, ar dá réir a chláróidh an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse réamhnochta de bhun Airteagal 19a den bhun-Rialachán, mura rud é go bhfuil fianaise leordhóthanach ann nár comhlíonadh ceanglais Airteagal 10(4)(c) agus (d). Maidir leis sin, shuigh an Coimisiún nach raibh aon fhianaise dhochloíte ann lena léirítear nach raibh údar sa chás sin le clárú allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse réamhnochta. Go deimhin, ó foilsíodh an fógra tionscnaimh, tráth a bhí na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar an eolas faoin dumpáil agus faoin díobháil líomhnaithe, nó ba cheart iad a bheith ar an eolas faoi sin, tháinig méadú breise ar allmhairí an táirge lena mbaineann ar bhealach lena bhféadfar dochar mór a dhéanamh d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna frithdhumpála, le linn na tréimhse réamhnochta freisin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún an maíomh.

(21) Mhaígh Hands gur sháraigh an Coimisiún prionsabal an dea-riaracháin tríd an Rialachán maidir le clárú a fhoilsiú. De réir an pháirtí níor cuireadh aon fhaisnéis in iúl dó maidir le rún an Choimisiúin allmhairí an táirge faoi imscrúdú a chur faoi réir clárú sular foilsíodh an Rialachán maidir le clárú agus sular tháinig clárú na hallmhaire i bhfeidhm, cé go bhféadfadh sé go ndéantar dochar leis an mbeart clárúcháin sin dá leasanna. In éagmais an fhaisnéis is gá a chur in iúl do Hands, ar faisnéis í maidir le hallmhairí a chur faoi réir clárú, b'fhéidir, ar bhealach tráthúil, éifeachtach agus pearsanta roimh an mbeart clárúcháin sin a ghlacadh agus a cheadú do Hands a thuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil, cé go ndéantar difear díreach do Hands leis an mbeart sin, tá ceart cosanta bunúsach Hands á shárú ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, tá an Rialachán maidir le Clárú neamhbhailí agus ba cheart é a aisghairm.

(22) Mheas an Coimisiún nach é atá i gceist le clárú ach céim riaracháin ullmhúcháin arbh fhéidir nó nárbh fhéidir gurb é a thiocfaidh as sin forchur cúlghabhálach dleachtanna ag céim chinntitheach. Ní dhéantar aon éifeacht dhíobhálach d'allmhaireoirí de bharr clárú ann féin ná ní féidir a rá go ndéantar difear dá leasanna leis sin ([5]). Níor luaigh Hands féin aon éifeacht dhíobhálach choincréiteach agus níor thagair sé ach d'éifeachtaí "ionchasacha". Is é an t-aon éifeacht atá le clárú go n-ordaíonn an Coimisiún do na húdaráis chustaim náisiúnta allmhairí an táirge faoi imscrúdú san Aontas a chlárú. Thairis sin, níl aon cheanglas nós imeachta ann in Airteagal 14(5a) ná in aon áit eile sa bhun-Rialachán dul i gcomhairle le hallmhaireoirí ná páirtithe eile sula ndéantar clárú. An ceanglas a leagtar síos in Airteagal 10(4)(b) den bhun-Rialachán go dtabharfar deis do pháirtithe barúil a thabhairt, níl feidhm aige sin ach nuair a dhéantar cinneadh dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach tar éis clárú, seachas le haghaidh an chláraithe féin. Is léir sin ó tharla nach dtagraítear le hAirteagal 14(5a) den bhun-Rialachán ach do phointí (c) agus (d) d'Airteagal 10(4) ar gá iad a chomhlíonadh le haghaidh clárú faoin bhforáil sin, ach ní thagraítear d'aon ghnó leis do phointe (b) d'Airteagal 10(4). Tá an méid sin i gcomhréir le héifeacht an chláraithe sin a phléitear thuas. Dá bhrí sin, níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún deis a thabhairt do na hallmhaireoirí barúil a thabhairt roimh ordú do na húdaráis chustaim allmhairí a chlárú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/934 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2022 lena gcuirtear allmhairí de rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Mharacó faoi réir clárú, (IO L 162, 17.6.2022, lch. 27).

([5]) Ordú an 28 Meán Fómhair 2021, *Airoldi Metalli SpA*, T-611/20, EU:T:2021:641, míreanna 48 agus 49.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge lena mbaineann

(23) Mheabhraigh an Coimisiún, mar a leagtar amach in aithris (39) den Rialachán sealadach, gurb éard atá sa táirge lena mbaineann rothaí bóthair alúmanaim de mhótarfheithiclí cheannteidil HS 8701 go 8705, bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, de thionscnamh Mharacó, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50) ("an táirge lena mbaineann").

(24) Is iondúil go ndíoltar rothaí bóthair alúmanaim san Aontas trí dhá bhealach díolacháin dáileacháin: le déantúsóirí buntrealaimh ("OEM"), ar monaróirí gluaisteán iad go príomha, agus leis an margadh iardhíola, lena n-áirítear mar shampla dáileoirí, miondíoltóirí, siopaí deisiúcháin, etc. Díoladh an táirge lena mbaineann ó Mharacó go heisiach trí bhealach OEM le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I mbealach dáileacháin OEM, eagraíonn monaróirí gluaisteán nósanna imeachta tairisceana le haghaidh ARW agus is minic a bhíonn baint acu leis an bpróiseas chun roth nua a fhorbairt, rud atá bainteach lena mbranda. Is féidir le táirgeoirí de chuid an Aontais agus onnmhaireoirí de chuid Mharacó araon dul san iomaíocht sna tairiscintí céanna.

2.2. Táirge Comhchosúil

(25) In éagmais barúlacha, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (39) go (42) den Rialachán sealadach.

3. DUMPÁIL

3.1. Comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin

(26) Mar a mhínítear in aithrisí (43) – (51) den Rialachán sealadach, mheas an Coimisiún nach ndeachaigh Dika i gcomhar leis an gCoimisiún san imscrúdú sin agus chinn sé a chorrlach dumpála go sealadach ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(27) Tar éis an nochta shealadaigh mhaígh Dika go ndeachaigh sé i gcomhar iomlán leis an gCoimisiún agus gur cheart dó corrlach dumpála a ríomhtar go haonarach a fháil. Chuir sé na hargóintí seo a leanas ar aghaidh.

(28) Ar an gcéad dul síos, d'athdhearbhaigh Dika go gcreideann sé nach raibh aon earráid sna liostuithe díolachán, ós rud é go bhféadfaí luachanna iomlána na liostuithe díolachán a réiteach le córas cuntasaíochta na cuideachta. Ina theannta sin, liostaíodh na díolacháin i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais ("IFRS"). Thairis sin, d'áitigh Dika go raibh neart ama ag an gCoimisiún chun na liostuithe díolachán athbhreithnithe arna soláthar ag a chuideachta ghaolmhar CITIC Dicastal Co., Ltd ("CITIC") a chros-seiceáil agus go bhféadfadh sé déanamh amhlaidh fós roimh bhearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur.

(29) Bhí an maíomh a rinne Dika comhchosúil leis an maíomh a rinneadh ag an gcéim shealadach, cé nár soláthraíodh aon fhaisnéis nua. Ag an gcéim shealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár soláthraíodh na liostuithe díolachán ar bhonn sonraisc, nach ndearnadh an difríocht idir luach an tsonraisc agus an méid a fuarthas iarbhír a léiriú go córasach i liostuithe díolachán na cuideachta ná nach bhféadfaí na liostuithe athbhreithnithe a chros-seiceáil. Cé gur liostaíodh díolachán na cuideachta i gcomhréir le caighdeáin IFRS, níor sholáthair an chuideachta an fhaisnéis a d'iarr an Coimisiún.

(30) Thairis sin, sholáthair CITIC roinnt leaganacha éagsúla agus neamhiomlána (ceithre cinn ar a laghad) dá liostuithe díolachán le linn an imscrúdaithe. Bhí an leagan deireanach, arna sholáthar i dteannta fhreagra Dika ar litir Airteagal 18 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022, fós neamhiomlán agus bhí roinnt idirbheart ann inar fágadh an méid a fuarthas folamh agus an nóta "*AR gan íoc go dáta*" ag gabháil leis, nó ina raibh mímheaitseáil ann idir an méid a sonrascadh agus an méid a fuarthas. Ní féidir leis na sonraí neamhiomlána sin a bheith ina mbonn iontaofa le haghaidh cros-seiceála ná fíorú. Ina theannta sin, mar a luaitear freisin in aithris (48) den Rialachán sealadach, níor cheart cros-seiceáil chianda bhreise a úsáid mar bhealach chun go leigheasfar an easpa tráthúlachta nó na hearráidí a bunaíodh le linn na cros-seiceála cianda a rinneadh cheana laistigh de na teorainneacha ama a socraíodh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(31) Ar an dara dul síos, mhaígh Dika nár cháiligh na sonraí a bhaineann go sonrach le hidirbhearta maidir le dátaí agus méideanna íocaíochtaí arna n-iarraidh ag an gCoimisiún mar "*faisnéis is gá*" de réir bhrí Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán, Airteagal 6.8. agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Frithdhumpála EDT ([6]). De réir Dika, níor iarr an Coimisiún an fhaisnéis sin sa cheistneoir ná sna litreacha easnaimh, ná níor éilíodh an fhaisnéis sin le haghaidh ríomh an chorrlaigh dumpála. Ina theannta sin, mhaígh Dika gurb amhlaidh a úsáideadh sa Rialachán sealadach bonn chun na fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm a bhí éagsúil leis an gceann a leagtar amach sa litir ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 dar dáta an 5 Bealtaine 2022 ("litir Airteagal 18").

(32) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Ón tús, d'iarr sé ar an gcuideachta sonraí a bhaineann go sonrach le hidirbhearta a sholáthar bunaithe ar dháta an tsonraisc. Mar shampla, le roinn E den cheistneoir frithdhumpála a seoladh chuig Dika agus chuig a chuideachta ghaolmhar CITIC luadh sa chéad roinn ar fad gur cheart do fhreagróirí "*dáta an tsonraisc a úsáid mar an dáta díolacháin*". Mar sin féin, ní bhaineann an tsaincheist faoi chaibidil leis an dáta a tharla an díolachán (agus leis sin amháin), ach leis an méid a d'íoc cliaint na cuideachta léi iarbhír. Sin an tsaincheist a míníodh i litir Airteagal 18 agus a leagadh amach sa Rialachán sealadach. Maidir le dearbhú Dika go raibh na cúiseanna a leagadh amach sa litir "iomlán éagsúil" leo sin sa bhun-Rialachán, ní fhéadfaí glacadh leis sin. Sa dá chás mhínigh an Coimisiún gur mheas sé go raibh na liostuithe díolachán neamhiontaofa ós rud é go raibh roinnt botún agus neamhréireachtaí iontu.

(33) Níor chomhfhreagair na dátaí díolachán a sholáthair an chuideachta do na méideanna a fuarthas iarbhír mar íocaíochtaí. Ina theannta sin, shoiléirigh CITIC le linn na cros-seiceála cianda gurb iondúil go ndéantar an difríocht idir méid an tsonraisc agus an méid a fuarthas iarbhír a thaifeadadh sna liostuithe díolachán mar lascaine, lacáiste, nóta creidmheasa nó ar bhealach eile. Mar a léirítear in aithris (47) den Rialachán sealadach, agus in aithris (29) thuas, ní dhearna an chuideachta an méid sin go córasach áfach. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí na liostuithe díolachán a úsáid mar fhoinse iontaofa chun gnáthluach nó praghas onnmhairiúcháin a bhunú faoi Airteagail 2(1) agus 2(8) den bhun-Rialachán ina luaitear: "*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth*". Ós rud é nach bhféadfaí gnáthluach ná praghas onnmhairiúcháin a bhunú le haghaidh Dika ar bhonn shonraí na cuideachta féin, leanann sé go loighciúil as sin nach bhféadfaí corrlach dumpála a ríomh ach oiread. Dá bhrí sin, ní hamháin go raibh na liostuithe díolachán riachtanach ach bhí siad ríthábhachtach le haghaidh an imscrúdaithe. Gan liostaí iontaofa díolacháin (lena n-áirítear liosta iomlán d'idirbhearta de gach cineál táirge a dhíoltar agus a bpraghsanna), ní féidir leis an gCoimisiún teacht ar chinneadh réasúnta cruinn maidir le dumpáil.

(34) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Dika a mhaíomh, ós rud é go raibh a liostú díolacháin i gcomhréir le caighdeáin IFRS, nach bhféadfadh an Coimisiún a mhaíomh go raibh na liostaí neamhiomlán agus nach bhféadfaí iad a fhíorú. Sa bhreis air sin, mhaígh Dika gur ó tharla go sonraítear in Airteagal 2(8) den bun-Rialachán go mbíonn an praghas onnmhairiúcháin bunaithe de ghnáth ar "*an bpraghas a íocadh nó atá le híoc*", bhí na liostaí díolachán ceart ós rud é gur léirigh siad na praghsanna a bhí le híoc. Ar deireadh, d'athdhearbhaigh Dika a mhaíomh nach raibh sonraí maidir le híocaíochtaí incháilithe mar shonraí "is gá" faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán.

(35) Cé acu a tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh na liostaí díolacháin ar an iomlán i gcomhréir le caighdeáin IFRS, ní raibh siad ábhartha maidir leis na fadhbanna a aimsíodh leis na praghsanna tuairiscithe. Mar a léirigh an Coimisiún i roinnt cásanna, is ar bhonn an idirbhirt a bhain an fhadhb leis na liostaí díolachán AE agus intíre. Mar a luaigh Dika le linn na héisteachta tar éis na mbeart sealadach agus mar a d'athdhearbhaigh sé ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, ní raibh méid na híocaíochta ag teacht le méid an tsonraisc a tuairiscíodh i dtuairim agus 20 % de na hidirbhearta i liostaí díolacháin an Aontais. Tagraíonn an téarma "*an praghas atá le híoc*" don íocaíocht iomlán atá déanta nó atá le déanamh ag an gceannaitheoir leis an díoltóir, lena n-áirítear cásanna inar díoladh na hearraí, mar shampla, ach nár íoc an custaiméir fós iad. Níorbh amhlaidh an cás i gcás fhormhór na n-idirbheart i liosta díolachán an Aontais. Go deimhin, bhí an praghas a d'íoc an custaiméir cheana féin, sna cásanna seo, difriúil ón bpraghas a taifeadadh mar phraghas a bhí le híoc tráth an tsonrasctha.

(36) Mar a luaigh Dika agus a cuideachta chomhlachaithe le linn an RCC, an fíorú ar an láthair agus an freagra ar litir Airteagal 18, de ghnáth dhéanfaí na difríochtaí sin a thaifeadadh sna liostaí díolachán mar lascaine, lacáiste, nóta creidmheasa nó eile, mar a luaitear freisin in aithris (33). Rinneadh é seo do chuid mhaith idirbheart sna liostaí díolachán, ach ní go córasach do gach idirbheart. Ós rud é go ndéantar é sin de ghnáth, bheadh an praghas a thaifeadtar mar an bpraghas atá le híoc cothrom leis an bpraghas a íoctar sa deireadh tar éis gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a bhaineann leis na nótaí creidmheasa, na lacáistí, etc. thuasluaite. Seo mar a mhínigh Dika féin é agus conas a rinneadh ceartúcháin i gcóras SAP na cuideachta tar éis íocaíochtaí a dhéanamh. I gcásanna áirithe, áfach, ceartaíodh na praghsanna a taifeadadh i liostaí díolacháin intíre agus AE ar an mbealach sin, ach i gcásanna eile níor cheartaíodh iad. Chuaigh an difríocht idir na praghsanna a íocadh ar deireadh agus na praghsanna a taifeadadh mar phraghsanna atá le híoc sa dá bhealach agus níor tugadh cuntas orthu, rud a chiallaíonn i gcásanna áirithe go bhfuair an chuideachta níos mó ná a sonraíodh sa sonrasc, agus i gcásanna eile níos lú.

([6]) Comhaontú EDT maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur Chun Feidhme.

(37) Tá liostaí iontaofa díolacháin (agus liosta iomlán d'idirbhearta de gach cineál táirge a dhíoltar chomh maith lena bpraghsanna) ina bhfuil sonraí cruinne infhíoraithe bunriachtanach chun corrlach dumpála a shuí agus, dá bhrí sin, cáilíonn siad mar an bhfaisnéis is gá faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán. Ós rud é go raibh tionchar ag an difríocht idir na praghsanna iarbhír a íocadh agus a taifeadadh mar phraghsanna atá le híoc ar líon suntasach de na hidirbhearta i liostú díolacháin an Aontais, ní fhéadfaí an liostú sin a úsáid chun praghas onnmhairiúcháin iontaofa a shuí ar bhonn idirbhirt nó cineál táirge. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(38) Ar an tríú dul síos, d'áitigh Dika, ós rud é gur fhíoraigh an Coimisiún an costas táirgthe le haghaidh Dika agus gur shuigh sé nárbh ann d'aon neamhréireacht, gur cheart an gnáthluach a ríomh le haghaidh Dika ar bhonn a chostais fíoraithe monaraíochta. De réir Dika ba trí earráid a tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na liostuithe díolachán intíre agus na liostuithe díolachán de chuid an Aontais ríthábhachtach chun gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin a chinneadh, ós rud é nach n-úsáidfí na liostuithe díolachán intíre chun gnáthluach a ríomh in aon chás. Dá bhrí sin, faoi Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún sonraí Dika féin a úsáid agus corrlach dumpála aonair a ríomh ar an mbonn sin.

(39) Go deimhin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (60) den Rialachán sealadach nach raibh aon liostú díolachán intíre ag Dika chun an gnáthluach a ríomh, ós rud é go ndearnadh díolacháin Dika i Maracó idir criosanna eacnamaíocha agus nár tháinig na hearraí isteach i gcríoch chustaim Mharacó riamh. Dá réir sin, in éagmais chur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil, d'fhéadfaí an gnáthluach le haghaidh Dika a ríomh. Mar sin féin, chun corrlach dumpála a bhunú, ba cheart an gnáthluach sin a chur i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin. Mar sin féin, ní fhéadfaí an praghas onnmhairiúcháin a ríomh de dheasca neamhiontaofacht liostuithe díolachán Dika.

(40) Le linn éisteacht an 6 Meán Fómhair 2022, mhol Dika go bhféadfadh an Coimisiún praghas onnmhairiúcháin a bhunú trí na hidirbhearta sin a úsáid i liostuithe díolachán an Aontais ar lena n-aghaidh (de réir na cuideachta) a mheaitseáil na méideanna sonraisc na méideanna íocaíochta. B'amhlaidh an cás a líomhnaítear le haghaidh thart ar 80 % de na hidirbhearta uile. Maidir leis an 20 % a bhí fágtha, mhol Dika go bhféadfadh an Coimisiún an dleacht iarmharach a chur i bhfeidhm mar a ríomhadh le haghaidh Hands. De réir Dika bheadh an cur chuige sin i gcomhréir leis an méid a rinne an Coimisiún le déanaí in imscrúdú maidir le hallmhairí cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce ([7]).

(41) Chomh maith le hé a bheith deimhnithe ag Dika le linn na héisteachta gurbh ann do neamhréireachtaí sa liostú díolachán le haghaidh an cúigiú cuid dá dhíolacháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní dhearnadh na liostuithe díolachán athbhreithnithe a chros-seiceáil ná ní fhéadfaí iad a chros-seiceáil (mar a mhínítear in aithrisí (29) agus (30)) agus dá réir sin ní fhéadfaí iad a úsáid chun praghas onnmhairiúcháin a bhunú. Ina theannta sin, bhain an t-imscrúdú maidir le cruach fhrithchreimneach ón Rúis agus ón Tuirc le tacar an-éagsúil fíoras. Sa chás sin, mhaígh táirgeoir de chuid na Rúise nach raibh baint aige le ceann den dá thrádálaí ar tríd a dhíol sé a tháirgí leis an Aontas. Ní dheachaigh an trádálaí ar leith sin i gcomhar san imscrúdú. Níor aontaigh an Coimisiún le maíomh na cuideachta de chuid na Rúise agus mheas sé gurb amhlaidh a bhí baint ag an trádálaí ábhartha leis sin. Mar sin féin, ós rud é nach ndeachaigh an trádálaí i gcomhar san imscrúdú, ní raibh aon fhaisnéis ar fáil maidir le praghsanna athdhíola ón trádálaí sin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an fhaisnéis ón dara trádálaí comhoibríoch a úsáid mar fhíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(42) Mar sin féin, tá leagan amach struchtúr agus bhealaí díolacháin na cuideachta sa chás sin éagsúil leis an leagan amach sa chás faoi chaibidil. Cé gurb amhlaidh a bhí dhá bhealach díolacháin ann i gcás na cruach frithchreimní ón Rúis agus ón Tuirc, sa chás reatha chuaigh gach díolachán tríd an eintiteas gaolmhar céanna, is é sin CITIC. Dá réir sin ní raibh aon tacar sonraí iontaofa malartach ar fáil don Choimisiún chun praghas onnmhairiúcháin a ríomh le haghaidh Dika. Tá an staid sin an-éagsúil leis an imscrúdú ar thagair Dika dó, ina raibh na díolacháin onnmhairí a rinneadh tríd an trádálaí a bhí fágtha a chros-seiceáil agus inar measadh go raibh siad iontaofa. San imscrúdú faoi chaibidil níorbh ann d'aon phraghas onnmhairiúcháin a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid leis an ngnáthluach, gan beann ar an mbealach ina ndéanfaí an gnáthluach a ríomh le haghaidh Dika.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1395 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe cruach frithchreimní de thionscnamh na Rúise agus na Tuirce (IO L 211, 12.8.2022, lch. 127).

(43) Le hAirteagal 18(3) den bhun-Rialachán sonraítear "*más rud é nach bhfuil an fhaisnéis a thíolacann páirtí leasmhar oiriúnach ar gach bealach, níor cheart neamhaird a thabhairt uirthi mar sin féin, ar choinníoll nach bhfuil na heasnaimh tromchúiseach a ndóthain le deacracht mhíchuí a chruthú i dteacht ar thoradh a bheadh réasúnta cruinn, go gcuirtear an fhaisnéis chuí isteach in am trátha agus gur féidir í a fhíorú*". Mar a mhínítear in aithrisí (32) agus (33), bhí na heasnaimh maidir leis na liostuithe díolachán a chuir Dika isteach den chineál nach bhféadfaí teacht ar aon toradh a bhí réasúnta cruinn ar an mbonn sin. Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (30), ní raibh na liostuithe díolachán infhíoraithe ós rud é go raibh easnaimh agus sonraí ar iarraidh fós sa leagan deireanach agus nár cuireadh isteach é in am trátha. Ós rud é nach bhféadfaí aon phraghas onnmhairiúcháin a chinneadh, b'éidreorach an rud é gnáthluach a ríomh freisin le haghaidh Dika ar aon bhonn. Tá an méid sin i gcomhréir freisin le breithiúnas na Cúirte Ginearálta i rothaí bóthair cruach ón tSín, inar chinn sí go "*mba ghá d'aon chinneadh maidir leis an ngnáthluach a bheith iomarcach, ós rud é nach bhféadfaí aon chorrlach dumpála a shuí in éagmais na féidearthachta a bhaineann le praghas onnmhairiúcháin a shuí*" ([8]). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(44) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas Mharacó agus Rialtas Dika go bhfuil cur chuige an Choimisiúin agus an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta araon a luaitear in aithris (43) ag sárú cheanglais Chomhaontú Frithdhumpála EDT faoinar cheart na sonraí uile a chuir onnmhaireoir ar fáil a úsáid a mhéid a chomhlíon sé ceanglais Airteagal 18(3) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, mhaígh Dika nach bhfuil feidhm ag an mBreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a luadh i bhfianaise imthosca an cháis seo. I gcodarsnacht leis an gcás atá faoi réir an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta sannadh corrlach dumpála aonair do Dika agus (dar le Dika) bhí sé indéanta a shuí go cinnte cé na táirgí a d'onnmhairigh sé chuig an Aontas.

(45) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a leagtar amach cheana in aithris (50) den Rialachán sealadach agus in aithris (43) thuas, ba é an chúis nár socraíodh gnáthluach ar bhonn sonraí ó Dika nach raibh aon chuspóir leis sin ós rud é nach raibh aon phraghas onnmhairiúcháin ann chun é a chur i gcomparáid leis. Bíodh na fíorais bhunúsacha sa bhreithiúnas thuasluaite ón gCúirt Ghinearálta difriúil sa chás seo nó ná bíodh, ní rud é sin a d'fhág nár bhailí an chonclúid go mbeadh sé iomarcach gnáthluach a shuí in éagmais praghas onnmhairiúcháin. Ní rud é sin atá ina shárú ar Chomhaontú Frithdhumpála EDT, ós rud nach bhfuil sé ina cheangal ar na húdaráis imscrúdúcháin faoin gComhaontú sin ríomhanna a dhéanamh nach féidir a úsáid chun corrlach dumpála a shuí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(46) Mhaígh Dika go sonrach gurbh éagsúil iad imthosca an cháis sa bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta luadh, ós rud é gur sannadh corrlach dumpála aonair do Dika. Bhí an maíomh sin bunaithe ar mhíthuiscint áfach. Níor sannadh corrlach dumpála aonair do Dika ag céim ar bith san imscrúdú seo. Mar a mhínítear in aithris (98) thíos, chinn an Coimisiún tráth an nochta deiridh dleachtráta aonair a shuí le haghaidh Dika tríd an gcuideachta agus a dleachtráta comhfhreagrach a shainaithint sna codanna ábhartha den Rialachán seo. Socraíodh an dleachtráta aonair ar leibhéal an dleachtráta iarmharaigh, rud nach raibh bunaithe ar shonraí Dika féin. Ar an gcaoi chéanna, na corrlaigh dumpála agus díobhála ba infheidhme maidir le Dika a luaitear sa Rialachán seo, is ar leibhéal na gcorrlach iarmharach dumpála agus díobhála a socraíodh iad agus ní ar shonraí Dika féin. Diúltaíodh do mhaíomh EWTA dá bhrí sin.

(47) Mhaígh Dika freisin gur in ionad an dleachtráta iarmharach a chur i bhfeidhm maidir le Dika, ba cheart don Choimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn chostais mhonaraíochta Dika agus chomhdhéanamh sonrach an chineál táirge, rud ba cheart a chur i gcomparáid ansin leis an bpraghas onnmhairiúcháin fíoraithe a bhí ag Hands, chun corrlach dumpála Dika a ríomh.

(48) Níorbh fhéidir glacadh leis an modheolaíochta sin. Ar an gcéad dul síos toisc nach bhféadfaí corrlach dumpála cruinn a fháil as comparáid idir an gnáthluach ríofa le haghaidh cuideachta aonair agus an praghas onnmhairiúcháin a bhí ag cuideachta eile. D'fhágfadh sin go mbeadh comparáid i gceist idir luach atá bunaithe ar shonraí cuideachta amháin agus an praghas onnmhairiúcháin a bhí ag cuideachta eile. Ar an dara dul síos, fiú dá gcuirfeadh an Coimisiún an modh sin i bhfeidhm, ní bheifí in ann é a dhéanamh ar leibhéal an chineáil táirge. Cé go raibh forluí sách mór idir na cineálacha táirgí a dhíol Dika agus na cinn a dhíol Hands, ní raibh siad ag teacht le chéile go hiomlán. Cuid de na cineálacha táirgí a dhíol Hands, níor dhíol Dika iad, agus a mhalairt. Dá bhrí sin, ní thiocfadh corrlach dumpála cruinn as an modheolaíocht sin, corrlach a léireodh na n-idirbheart onnmhairiúcháin iarbhír a rinne Dika. ([9]) Thairis sin, bheadh cur chuige den sórt sin i gcoinne cheanglas Airteagal 2(11) den bhun-Rialachán

([8]) Cás T-278/20, Zhejiang Hangtong Machinery Manufacture Co. Ltd agus Ningbo Hi-Tech Zone Tongcheng Auto Parts Co. Ltd v an Coimisiún [2022] ECLI:EU:T:2022:417, mír 97.

([9]) I gcomhréir le Cás T-278/20 a luaitear in aithris (92) agus dá dtagraíonn Dika ina aighneacht.

ina bhforáiltear go sainráite nach mór a chur san áireamh, agus an corrlach dumpála a ríomh, "*[p]raghsanna do na hidirbhearta onnmhairiúcháin go léir*" beag beann ar mhodh na comparáide idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a roghnaíodh ([10]). Ar deiridh, is éard a bheadh i gceist leis an modheolaíocht sin sonraí rúnda Hands a nochtadh do Dika, maidir leis na cineálach táirge a díoladh agus an praghas onnmhairiúcháin araon. Ní féidir glacadh leis sin toisc gurb é Hands an t-aon táirgeoir ARW eile i Maracó agus tá sé i gcomórtas díreach le Dika. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2. **Gnáthluach**

(49) Mar a leagtar amach in aithrisí (52) – (65) den Rialachán sealadach, ríomh an Coimisiún an gnáthluach faoi Airteagail 2(3) agus 2(6) den bhun-Rialachán de bharr easpa dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil ó Hands. Tar éis an nochta shealadaigh mhaígh EUWA gurb amhlaidh a bhí díolacháin intíre ann, agus léirigh sé go soláthródh sé fianaise air sin ag éisteacht. Mar sin féin, leis an bhfaisnéis a sholáthair EUWA ina dhiaidh sin níor cruthaíodh a ráiteas go bhféadfaí a mheas gur díolacháin intíre iad díolacháin ó na cuideachtaí de chuid Mharacó i Maracó. I bhfianaise íogaireacht na sonraí corparáide lena mbaineann, ní raibh an fhaisnéis ábhartha ag EUWA maidir le huainiú, cainníochtaí ná praghsanna dhíolacháin na gcuideachtaí de chuid Mharacó, ná ní raibh suíomh sonrach na gcliant aige a líomhnaítear ar díoladh iad leo.

(50) Ina theannta sin, níor shéan an Coimisiún ná aon pháirtí leasmhar go ndearna Hands díolacháin ARW i Maracó. Ba é an chúis a bhí le neamhaird a thabhairt ar na díolacháin sin mar dhíolacháin intíre suíomh Hands agus na gcliant i gcriosanna eacnamaíocha araon, mar a tugadh i gcrích in aithris (60) den Rialachán sealadach. Ina theannta sin, ní dhearnadh aon cheann de na díolacháin sin sa ghnáthchúrsa trádála agus ní fhéadfaí iad a úsáid in aon chás chun an gnáthluach a shuí. Ar an taobh eile, ghlac Hands leis nach raibh aon díolachán intíre aige agus gur ghá an gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(51) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Rialtas Mharacó go ndearna an Coimisiún earráid nuair a mheas sé nach díolacháin intíre iad na díolacháin i gcriosanna eacnamaíocha. Chun tacú leis an maíomh sin, shonraigh Rialtas Mharacó gur díoladh ARW le cuideachtaí sna criosanna eacnamaíocha chun go n-úsáidfear é chun feithiclí nua a tháirgeadh san Aontas nó i Maracó agus dá bhrí sin is san Aontas nó i Maracó dhéanfaí an tomhaltas, agus ó tharla sin amhlaidh ba cheart a mheas gur díolacháin intíre iad na díolacháin i gcriosanna eacnamaíocha i Maracó. Líomhnaítear go mbeadh sin i gcomhréir le cur chuige Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe a mheasann gur i gcás táirgí a dhíoltar i gcriosanna eacnamaíocha lena úsáid i dtáirge a onnmhaireofaí ó na Stáit Aontaithe ina dhiaidh sin, gur sa mhargadh intíre a ndearnadh iad a thomhail.

(52) Mar sin féin, mar a míníodh cheana féin in aithrisí (53) agus (54) den Rialachán sealadacha, níorbh é sin an cur chuige a ghlac an Coimisiún san imscrúdú seo ná sna himscrúduithe roimhe seo. Cibé acu a ghlacann nó nach nglacann na Stáit Aontaithe cur chuige difriúil ina gcinntí, ní rud é sin a bhaineann le hábhar an cháis seo. Ní mheasann an Coimisiún gur díolacháin intíre iad díolacháin idir criosanna eacnamaíocha toisc nach eol tráth an díola an mbeadh an táirge scaoilte i saorchúrsaíocht sa mhargadh intíre nó an mbeadh sé ceaptha lena onnmhairiú (féach aithris (53) agus (54) den Rialachán sealadach). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(53) Mhaígh Rialtas Mharacó freisin go raibh cur chuige an Choimisiúin ag teacht salach ar an gcaoi a ndéileálann sé le díolacháin i gcriosanna eacnamaíocha eisiacha san Aontas, ar féidir leo a bheith faoi réir dleachtanna frithdhumpála ([11]), mar aon leis an nós a bhíonn aige allmhairí próiseála isteach agus amach chuig criosanna eacnamaíocha a chuimsiú sna staitisticí allmhairiúcháin a úsáidtear san anailís díobhála in imscrúduithe frithdhumpála.

([10]) Féach Cásanna C-376/15 P agus C-377/15 P, Changshu City Standard Parts Factory agus Ningbo Jinding Fastener Co. Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh, ECLI:EU:C:2017:269, mír. 53.

([11]) Rialachán (AE) 2019/1131 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2019 lena mbunaítear uirlis chustaim chun Airteagal 14a de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 24a de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 179, 3.7.2019, lch. 12).

(54) Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann an tagairt do chriosanna eacnamaíocha le hábhair an cháis seo. Is éard atá i limistéir eacnamaíocha eisiacha criosanna a dhearbhaíonn Ballstát amhlaidh de bhun Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Na criosanna eacnamaíocha dá dtagraítear sa chás seo, ní criosanna eacnamaíocha eisiacha den chineál sin agus ní thagann siad faoi na rialacha a luann rialtas Mharacó ([12]).

(55) Ar an dara dul síos, cuimsítear allmhairí próiseála isteach agus amach i gcriosanna eacnamaíocha san Aontas san anailís díobhála toisc "*nach ndéantar iad a iompar tríd an Aontas amháin ach go dtugann siad faoi oibríochtaí próiseála breisluacha freisin, amhail cóimeáil agus claochlú, san Aontas. Dá réir sin, tá sé soiléir go bhfuil na hallmhairí sin in iomaíocht leis na táirgí a mhonaraíonn tionscal an Aontais.*" ([13]). Mar sin féin, níorbh fhéidir a mheas gur díolacháin intíre iad na díolacháin a rinneadh chuig criosanna eacnamaíocha nó eatarthu toisc nárbh eol tráth an díola an mbeadh an táirge scaoilte i saorchúrsaíochta sa mhargadh intíre nó an mbeadh sé ceaptha lena onnmhairiú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(56) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Dika agus Hands araon i gcoinne úsáid costais SGA agus brabús de chuid na Brasaíle chun an gnáthluach a ríomh. D'áitigh Hands nár cheart sonraí cuideachtaí de chuid na Brasaíle a úsáid chun SGA agus brabús a bhunú chun an gnáthluach a ríomh. Luaigh an chuideachta nár sholáthair an Coimisiún fianaise thacaíochta chun a léiriú go mbeadh sonraí ón mBrasaíl iomchuí chun an gnáthluach a ríomh. Go deimhin, mhol Hands SGA agus brabús de chuid táirgeoirí rothaí alúmanaim de chuid na Cóiré a úsáid, rudaí a bheadh i bhfad níos ísle. Mhaígh Hands go mbeadh an méid sin ní b'iomchuí ós rud é go bhfuil Hands faoi úinéireacht dheiridh monaróra ARW de chuid na Cóiré, agus go mbeadh na costais SGA agus an brabús a thiocfadh as sin i gcomhréir le brabús ceann den dá chuideachta de chuid na Brasaíle a bhí in úsáid ag an gCoimisiún.

(57) Mhaígh Dika gur cheart neamhaird a thabhairt ar shonraí ceann de na cuideachtaí de chuid na Brasaíle, ós rud é gur úsáid an Coimisiún na cuntais chomhdhlúite lenar áiríodh torthaí fochuideachtaí i dtíortha eile agus a bhain le táirgí eile seachas ARW. Mhaígh Hands agus Dika araon go ndearnadh SGA le haghaidh ceann de na cuideachtaí de chuid na Brasaíle a ríomh go mícheart.

(58) I bhfianaise na n-argóintí a cuireadh ar aghaidh maidir le húsáid sonraí de chuid na Brasaíle chun an gnáthluach a ríomh, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar an modh a chuir sé i bhfeidhm ag an gcéim shealadach. Níor aontaigh an Coimisiún le Hands go mbeadh Poblacht na Cóiré ina rogha mhalartach níos oiriúnaí le haghaidh Mharacó ná an Bhrasaíl. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar d'Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán modh réasúnach a úsáid chun athróg ionadach a aimsiú le haghaidh SGA agus bhrabús an táirgeoir onnmhairiúcháin faoi imscrúdú. Le réamhrá Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán, chomh maith le fomhíreanna (a) agus (b) den Airteagal sin, léirítear tosaíocht shoiléir le haghaidh sonraí a bhaineann le táirgeadh agus díolacháin sa mhargadh intíre tionscnaimh. Faoi Airteagal 2(6)(c) dá bhrí sin, bheadh rogha mhalartach réasúnach ar an margadh intíre gar don mhargadh intíre go hidéalach, mar shampla, ó thaobh forbairt eacnamaíoch ós rud é go bhfuil tionchar aige sin ar leibhéal chostais agus bhrabúis na gcuideachtaí. Cé gur measadh go raibh an Bhrasaíl beagáinín níos forbartha go heacnamaíoch ná Maracó, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil an Chóiré mar gheilleagar an-fhorbartha ina rogha mhalartach réasúnach le haghaidh Mharacó ([14]).

(59) Mar sin féin, mheas an Coimisiún, seachas sonraí a úsáid le haghaidh táirgeoirí ARW de chuid na Brasaíle, go raibh sé níos réasúnaí úsáid a bhaint as na sonraí a bhí ar fáil le haghaidh an táirgeora chomhoibríoch, Hands. Ní fhéadfaí costais SGA le haghaidh Hands a úsáid chun an gnáthluach a ríomh faoi réamhrá Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán, ós rud é nach raibh aon díolachán intíre ag Hands sa ghnáthchúrsa trádála. Mar sin féin, mar athróg ionadach le haghaidh na gcostas SGA a bhaineann le díolacháin intíre Hands, mheas an Coimisiún go mbeadh SGA le haghaidh na ndíolachán uile ó Hands ina rogha mhalartach réasúnach. Thairis sin, leis an imscrúdú níor léiríodh aon difríocht idir costais SGA le haghaidh díolacháin intíre agus costais SGA le haghaidh díolacháin onnmhairiúcháin, ós rud é gur leithdháileadh na costais ábhartha uile ar láimhdeachas. Ina theannta sin, bhí an líon

([12]) Na rialacha a leagtar síos in Rialachán (AE) 2019/1131 a luaitear i bhfonóta 11.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise (IO L 410, 18.11.2021, lch. 153), aithris (136)

([14]) Tá na haicmiúcháin seo a leanas ag bunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda le haghaidh 2021 bunaithe ar an ollioncam náisiúnta ("OIN") per capita: tír íos-mheánioncaim idir USD 1 086 agus USD 4 255, tír ard-mheánioncaim idir USD 4 256 agus USD 13 205, tír ardioncaim os cionn USD 13 205. De réir an aicmithe sin, meastar gur tír íos-mheánioncaim í Maracó (ag a bhfuil OIN le haghaidh 2021 ag USD 3 350), meastar gur tír ard-mheánioncaim í an Bhrasaíl (ag a bhfuil OIN le haghaidh 2021 ag USD 7 720) agus meastar gur tír ardioncaim í an Chóiré (ag a bhfuil OIN le haghaidh 2021 ag USD 34 980). Féach https://databank.worldbank.org/home.aspx.

díolachán a rinne Hands i Maracó chomh beag sin, nach bhféadfaí aon chomparáid fhóinteach a dhéanamh. Fíoraíodh sonraí Hands agus bhain siad le díolacháin de chuid cuideachta atá lonnaithe i Maracó, nach dtáirgeann ná nach ndíolann ach ARW. Ina theannta sin, leis na sonraí sin níor cumhdaíodh ach an tréimhse imscrúdúcháin. Measann an Coimisiún nach bhfuil úsáid sonraí de chuid na Brasaíle chomh réasúnach sin ós rud é gur bhain an fhaisnéis a bhí ar fáil le 2019, agus gur cumhdaíodh táirgí agus láithreáin táirgthe iomadúla i roinnt tíortha léi. Na costais SGA a bunaíodh dá réir sin ar bhonn shonraí Hands féin, arna gcoigeartú le haghaidh ítimí nach mbaineann go díreach le táirgeadh an táirge lena mbaineann agus ítimí nár réadaíodh, bhí siad cothrom le 12 % – 16 %.

(60) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Hands a mhaíomh gurbh í an Chóiré an rogha ba iomchuí chun leibhéal na gcostas SGA agus na mbrabús a chinneadh ar mhaithe le gnáthluach Hands a ríomh, ós rud é gur bhain na sonraí sin le máthairchuideachta Hands. Dar le Hands, níor bhain sé le hábhar nach comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá sa Chóiré agus sa Mharacó toisc nach rud ábhartha í forbairt eacnamaíoch na tíre ionadaíoch ach amháin i gcás chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán nuair is ann do shaobhadh suntasach, rud nach amhlaidh i gcás Mharacó.

(61) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Is fíor go n-úsáidtear an téarma *"leibhéal forbartha eacnamaíche […] atá cosúil"* in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach ní chiallaíonn sé sin nach féidir an leibhéal forbartha eacnamaíche a bheith ina fhachtóir ábhartha chun a chinneadh an mbeadh sé réasúnta tír seachas Maracó a úsáid chun leibhéal iomchuí a chinneadh i leith na gcostas SGA faoi Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún nach mbeadh úsáid sonraí ó tháirgeoirí ARW i ngeilleagar ardfhorbartha níos réasúnta ná úsáid a bhaint as sonraí ó thír a bheadh níos cosúla ó thaobh na forbartha eacnamaíche de, mar a mhínítear in aithris (58) thuas.

(62) Mhaígh Hands freisin nár thug an Coimisiún aghaidh ar aon cheann dá mhaímh maidir leis na sonraí ón mBrasaíl a úsáideadh sa Rialachán sealadach. Ós rud é gur baineadh úsáid as sonraí Hands féin seachas as na sonraí ón mBrasaíl áfach, d'fhág sin go raibh na maímh sin neamhábhartha. D'áitigh Hands gurbh é an t-aon chúis amháin a bhí le haistriú ó shonraí na Brasaíle go sonraí Hands féin go mbeadh sé níos áisiúla don Choimisiún. Mar a mhínigh an Coimisiún in aithris (59) thuas, áfach, chinn sé go raibh sonraí Hands féin níos réasúnta ná sonraí na Brasaíle, agus ní hamhlaidh go raibh siad níos áisiúla. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(63) Tar éis an nochta deiridh, d'easaontaigh Rialtas Mharacó, Dika agus Lámha le costais SGA Hands a úsáid chun an gnáthluach a ríomh.

(64) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh Rialtas Mharacó agus Rialtas Dika nach raibh úsáid costais SGA Lámha i gcomhréir le hAirteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Luaigh an dá pháirtí dá n-aire go mbaineann "aon mhodh réasúnach eile" in Airteagal 2.2.2(iii) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT le fiosrúchán i dtaobh an bhfuil an méid le haghaidh brabús ag teacht leis an gcorrlach brabúis a dhéanfaí dá ndíolfaí an táirge atá faoi bhreithniú i ngnáthchúrsa trádála sa tír is onnmhaireoir. Luaigh na páirtithe freisin gur thagair costais SGA a d'úsáid an Coimisiún do chostais onnmhairiúcháin SGA amháin, ar costais iad nach féidir leo, de réir sainmhíniú, a bheith cosúil leis an gcorrlach brabúis a mbainfí amach dá ndíolfaí an táirge atá faoi bhreathnú sa ghnáthchúrsa trádála i Maracó. Ar deireadh, d'áitigh Dika nach bhféadfaí seiceáil fhíorasach a dhéanamh ar an bhfíoras go raibh costais SGA Hands le haghaidh onnmhairiú ina bhonn réasúnach lena dhíolacháin intíre toisc nach raibh aon díolachán intíre ag Lámha.

(65) Ina gcuid barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'áitigh Hands go bunúsach go raibh úsáid a chostas SGA féin in aghaidh litir agus réasúnaíocht Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán toisc nach raibh aon díolachán intíre ag Lámha sa ghnáthchúrsa trádála. De réir Hands, d'úsáid an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán chun dul timpeall ar an bhfíoras nach bhféadfadh sé dul i muinín riail ghinearálta Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán lena gceanglaítear go ndéanfaí na ndíolacháin le linn an ghnáthchúrsa trádála.

(66) Thug an Coimisiún dá aire gurb é feidhm ghinearálta Airteagal 2(6) den bhun-Rialachán (agus Airteagal 2.2.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT) costas a shuí a bheadh cosúil leis an gcorrlach brabúis chomh maith leis na costais SGA a bheadh ann i gcás an táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre is onnmhaireoir. Baineann "aon mhodh réasúnach eile" in Airteagal 2.2.2(iii) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT le fiosrú an toradh é an cinneadh ar an méid le haghaidh brabús agus costais SGA ar bhreithniú réasúnaithe ar an bhfianaise atá ar fáil. I ndáil leis sin, murab ionann agus an méid a mhaígh Dika agus Hands, thug an Coimisiún dá aire freisin, agus an fhianaise uile a bhí ar fáil á breithniú aige, nár úsáid sé costais SGA le haghaidh díolacháin onnmhairiúcháin nó costais SGA le haghaidh díolacháin intíre nach ndearnadh sa ghnáthchúrsa trádála; ina ionad sin, d'úsáid an Coimisiún na costais SGA a bhain leis na díolacháin uile a rinne Hands mar ionadaí réasúnta.

(67) Mheas an Coimisiún go bhfuil sé réasúnta de réir bhrí Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán (agus Airteagal 2.2.2(iii) de Chomhaontú Frithdhumpála na hEagraíochta Domhanda Trádála) costais SGA a úsáid le haghaidh díolacháin Hands uile mar ionadach ar na costais SGA a bheadh ann i gcás an táirge chomhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin ar chúiseanna éagsúla.

(68) Ar an gcéad dul síos, níor chuir Hands féin i gcoinne an fhíorais go mbeadh costais SGA ar a chuid idirbheart go léir cosúil leis an méid a bheadh ar a dhíolacháin intíre, dá mba rud é go raibh díolacháin den sórt sin aige. Os a choinne sin, trí chostais iomlána SGA arna dtabhú a leithdháileadh ar láimhdeachas mar a mhínítear i mír (45) den doiciméad nochta deiridh, d'aithin Hands go bhfuil na costais sin comhionann beag beann ar na margaí geografacha éagsúla ina ndéantar na díolacháin.

(69) Ar an dara dul síos, dheimhnigh an chaoi ar bunaíodh Hands agus an chaoi ar dhéileáil sé le díolacháin i margadh atá faoi thionchar na tairiscintí freisin gur léiriú é leithdháileadh na gcostas SGA a tuairiscíodh (bunaithe ar an láimhdeachas beag beann ar cheann scríbe geografach an táirge) ar an réaltacht. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní fhéadfaí aon difreáil maidir leis an bpróiseas díolacháin agus na costais ghaolmhara a bhaineann leis idir na margaí a thabhairt faoi deara, cé gur sa Chóiré a rinne máthairchuideachta Hands codanna den phróiseas sin.

(70) Ar an tríú dul síos, ní de réir an mhargaidh a roinneadh nósanna imeachta tairisceana ARW, chomh maith leis na nósanna imeachta sin ina raibh Hands rannpháirteach, ach de réir cliant (e.g. déileáladh le haon tairiscint le haghaidh ARW a dhíoltar le táirgeoir gluaisteán X, bíodh siad á seachadadh ar deireadh san Aontas nó i Maracó, ag ceanncheathrú an táirgeora gluaisteán X). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ó thaobh costais SGA Hands de, nár bhain sé le hábhar dá mbeadh ábhar idirbhirt le caitheamh i Maracó nó, mar shampla, sa Fhrainc. Dá réir sin, b'ionann costais SGA Hands a mbaineadh amach ar a chuid idirbheart go léir agus ionadaí réasúnta ar na costais SGA a bheadh ann sa ghnáthchúrsa trádála i Maracó.

(71) Tar éis an nochta deiridh breise, d'áitigh Hands nár leithdháileadh na costais SGA go léir de réir láimhdeachais toisc go raibh na costais a bhain hiompar, mar shampla, bunaithe ar chostais iarbhír de réir an mhargaidh. Ina theannta sin, agus ar an gcúis chéanna, líomhnaítear nach raibh údar le tagairt do na tairiscintí agus don phróiseas tairisceana toisc nár chuimsigh sin na dálaí éagsúla seachadta agus iompair a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar an margadh. Ar deireadh, d'áitigh Hands go bhféadfadh an ghníomhaíocht díolacháin a bheith difriúil do gach margadh. Dá bhrí sin, d'áitigh Hands gur sháraigh an Coimisiún an bun-Rialachán agus sonraí Hands féin á roghnú aige mar shonraí réasúnta chun gnáthluach Hands a ríomh.

(72) Níor luadh sa mhaíomh go ndearnadh costais SGA Hands ar a chuid idirbheart go léir a choigeartú chun go mbeadh siad cosúil leis an méid a bheadh i gceist lena chostais SGA don táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin. Mar a mhínítear sa nochtadh deiridh breise, agus mar a chuir Hands fáilte roimhe ina bharúlacha ina dhiaidh sin, baineadh costais a bhain le hiompar ó na glandíolacháin agus ó na costais SGA iomlána agus, dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh iad sna ríomhanna SGA. Ba iad costais a bhain le hiompar an t-aon ítim chostais amháin a shainaithin Hands ina chostais SGA mar ítim a bhain go sonrach le margaí geografacha. Maidir le costais eile a bhaineann le díolacháin, níorbh fhéidir aon difríocht shuntasach a aithint idir na margaí. Cé nach raibh roinnt costais eile a bhaineann le díolacháin comhghaolaithe go díreach leis na nósanna imeachta tairisceana, mar a d'áitigh Hands, ní chiallaíonn sé sin nach raibh tionchar ag eagrú na nósanna imeachta tairisceana agus an caidreamh le cliaint ar na costais sin. Mar a leagtar amach sna haithrisí thuas, chinn an Coimisiún go raibh baint ag roinnt costas, amhail costais a bhaineann le hiompar, leis an margadh agus bhain sé na costais sin. Ní raibh baint ag costais eile leis an margadh mar gheall ar an margadh faoi stiúir na dtairiscintí nó toisc go raibh baint acu le hoibríochtaí (tuarastail, airgeadais nó eile) nár difreáladh de réir margaí geografacha, mar gheall ar a chineál agus ar chomhdhéanamh na cuideachta, Thairis sin, leithdháil an chuideachta féin na costais uile nach mbaineann le hiompar ar láimhdeachas gan idirdhealú a dhéanamh idir margaí geografacha.

(73) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, seachas maímh a dhéanamh i ndáil le tuiscint an Choimisiúin ar an gcaoi ar tuairiscíodh a chostais SGA, rud a dtugtar aghaidh air thuas, níor thug Hands bunús breise lena mhaíomh gur sáraíodh an bun-Rialachán. Go háirithe, níor thug Hands aon bharúil maidir leis an míniú ón gCoimisiún a tugadh in aithris (74) inar tugadh aghaidh ar an gcuid sin de bharúlacha Hands maidir leis an nochtadh deiridh. Theip ar Hands a mhíniú cén fáth a raibh an figiúr do chostais SGA a d'úsáid an Coimisiún, figiúr nach raibh costais a bhaineann le hiompar san áireamh ann, ina ionad míréasúnta don mhéid a bheadh i gceist lena chostais SGA don táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin. Ar deireadh, seachas easaontú le cur chuige an Choimisiúin, ina chuid barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise, níor léirigh Hands go raibh rogha eile níos réasúnta ann. Go háirithe, níor chuir Hands ná aon pháirtí leasmhar eile aon bharúil ar fáil maidir le míniú an Choimisiúin, a thugtar in aithris (75), maidir leis an bhfáth nach raibh na roghanna malartacha a breithníodh le linn an imscrúdaithe níos réasúnaí ná sonraí Hands féin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(74) Níor chuir aon cheann de na páirtithe leasmhara fianaise dhiongbháilte ar fáil maidir leis an bhfáth nár ionadaí réasúnta iad na costais SGA le haghaidh na ndíolachán go léir. Maidir leis an easpa díolachán inchomparáide sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre, chuir an Coimisiún in iúl gurb é is cuspóir d'Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán (chomh maith le hAirteagal 2.2.2(iii) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT) méid a fháil a bheadh comhchosúil leis an méid a bheadh i gceist leis na costais SGA go díreach toisc nach ann do dhíolacháin den sórt sin. I bhfianaise na staide ar leith maidir leis an gcaoi ar dhíol Hands a ARWanna agus inar leithdháil sé a chostais SGA, chomh maith leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh ar ar fheidhmigh sé, d'úsáid an Coimisiún an t-ionadaí ceart.

(75) Níor chuir aon pháirtí leasmhar rogha eile níos réasúnta ar fáil. Go deimhin, ní raibh na roghanna malartacha, IOCHPE MAXION S.A. sa Bhrasaíl nó Hands Corporation sa Chóiré, níos ionadaíche ar an méid a bheadh i gceist leis na costais SGA don táirge comhchosúil sa ghnáthchúrsa trádála i margadh intíre na tíre onnmhairiúcháin. Murab ionann agus costais SGA Hands, bheadh costais SGA a tógadh ón mBrasaíl i bhfad ón táirge comhchosúil (a bhaineann den chuid is mó le díol táirgí nach ARW iad). Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin nuair atáthar ag plé le táirge a dhíoltar ar bhealach an-sonrach, mar is amhlaidh sa chás seo, a mhéid nach mór roghanna malartacha den sórt sin a dhícháiliú. Maidir leis an rogha mhalartach atá bunaithe ar shonraí ón gCóiré, mhínigh an Coimisiún cheana féin go bhféadfadh sé nach rogha réasúnta a bheadh sna sonraí sin i bhfianaise na ndifríochtaí idir Maracó agus an Chóiré ó thaobh na forbartha eacnamaíche de, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leibhéal costas agus brabús na gcuideachtaí.

(76) Ar deireadh, ní raibh an tagairt don chorrlach brabúis a úsáideadh i mbunú an ghnáthluacha ríofa a rinne Dika ábhartha. Ní raibh an corrlach brabúis bunaithe ar dhíolacháin Hands, ach ar an spriocbhrabús a socraíodh do thionscal an Aontais agus arna theorannú leis an mbrabús a dhéanann onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na tíre tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán.

(77) Rinne Hands roinnt maíomh freisin maidir le hearráidí i ríomh chostais SGA Hands. Ghlac an Coimisiún le maíomh amháin a bhain le baint na gcoimisiún ar dhíolacháin ó chostais SGA Hands agus dhiúltaigh sé do na maímh eile. Rinneadh an corrlach dumpála a athríomh dá réir sin. Cuireadh na cúiseanna ar diúltaíodh do chuid de na maímh ar fáil do Hands sa nochtadh deiridh breise. Níor cuireadh aon fhaisnéis nua ar aghaidh maidir leis na maímh sin in aighneacht Hands tar éis an nochta deiridh breise.

(78) Tar éis an nochta deiridh breise, thagair Hands freisin dá bharúlacha roimhe seo maidir leis an nochtadh deiridh, inar áitigh sé nár cheart don Choimisiún foirmle a úsáid chun cóimheas costais SGA ar láimhdeachas a thiontú ina chóimheas costais SGA in aghaidh chostas na n-earraí a dhíoltar, ach ina ionad sin gur ríomh sé costais SGA ar chostas fíoraithe iarbhír na n-earraí a dhíol Hands. Mar sin féin, bhí an méid sin bunaithe ar mhíthuiscint ós rud é nár ríomh an Coimisiún costais SGA ar chostas na n-earraí a díoladh, ach ar chostas na monaraíochta. Chomh maith leis sin, níor chuir Hands aon mhíniú ar fáil ar an bhfáth nárbh iomchuí úsáid a bhaint as costas na monaraíochta, seachas costas na n-earraí a díoladh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Taispeánadh na ríomhanna ábhartha sa nochtadh deiridh agus soiléiríodh iad sa nochtadh deiridh breise. Ar an gcéad dul síos, shainaithin an Coimisiún, bunaithe ar chostais iarbhír Hands, méid iomlán na gcostas SGA, a cuireadh in iúl ina dhiaidh sin mar chéatadán den luach iomlán díolacháin. Ansin, in éineacht le céatadán an bhrabúis, cuireadh an céatadán le haghaidh costais SGA leis an gcostas monaraíochta chun an gnáthluach a ríomh.

(79) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir EUWA i gcoinne an mhodha a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh ós rud é nach leigheasfaí leis an dleacht dumpála a tháinig as sin an dumpáil dhíobhálach a bhain do thionscal an Aontais. Seachas sin, d'áitigh EUWA gur cheart spriocbhrabús na dtáirgeoirí san Aontas a bhunaítear in aithris (160) den Rialachán sealadach a chur i bhfeidhm sna ríomhanna dumpála, ós rud é go dtiocfadh gnáthluach níos réasúnaí as sin.

(80) Níor aontaigh an Coimisiún le EUWA gur thug toradh na ríomhanna údar leis an ngá le brabús níos airde a chur i bhfeidhm chun an gnáthluach a ríomh. Mar sin féin, chinn an Coimisiún gan na sonraí de chuid na Brasaíle a úsáid a thuilleadh ina ríomhanna mar a mhínítear in aithrisí (44) agus (45) thuas ach filleadh ar shonraí fíoraithe Hands féin ina ionad sin chun costais SGA i Maracó a ríomh. Ar an taobh eile, ní fhéadfaí brabús réasúnach le haghaidh Hands a chinneadh bunaithe ar na sonraí fíoraithe, ós rud é nach raibh díolacháin na cuideachta brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina ionad sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an mbunbhrabús a bunaíodh le haghaidh thionscal an Aontais faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta mar rogha mhalartach réasúnach ar na cúiseanna a leagtar amach thíos.

(81) Díolann táirgeoirí ARW de chuid an Aontais agus Mharacó leis na cliaint chéanna i margadh aonfhoirmeach, mar a dtéann siad in iomaíocht sna tairiscintí céanna, agus tá monarchana acu ag a bhfuil leagan amach comhchosúil agus go háirithe costais chomhchosúla acu. Dá bhrí sin, ba cheart coinne a bheith ann leis go mbainfidh siad brabúis inchomparáide amach in imthosca inchomparáide. Chun an gnáthluach a ríomh faoi Airteagal 2(6)(c), chuir an Coimisiún i bhfeidhm dá réir sin an bunbhrabús de 7,9 % mar a bhunaítear in aithris (158) den Rialachán sealadach, ar chuir sé caidhp bhrabúis i bhfeidhm maidir leis mar a cheanglaítear faoi Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán.

(82) Maidir leis sin, mhaígh EUWA go dtugtar discréid don Choimisiún le hAirteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán gan an chaidhp a chur i bhfeidhm i bhfianaise imthosca sonracha an cháis. De réir EUWA, ní dheachaigh an Coimisiún i muinín táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna le ARW chun an chaidhp a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh tionscail iartheachtacha tuilleadh próiseála ar an gcatagóir táirge a úsáideann an Coimisiún, rud a léirítear leis an bhfíoras go ndéantar ARW agus na táirgí a úsáideann an Coimisiún a aicmiú san ainmníocht staidrimh faoi chaibidlí éagsúla. De réir EUWA, ní fhéadfaí a mheas dá bhrí sin go bhfuil siad sa chatagóir táirgí ghinearálta chéanna. Go deimhin, mhaígh EUWA nach ann d'aon díolachán ar chor ar bith i Maracó, ar díolacháin táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna le ARW iad.

(83) D'áitigh EUWA ansin nach bhfuil aon oibleagáid ar an gCoimisiún an chaidhp a chur i bhfeidhm i staid nach ann d'aon díolachán táirgí den chatagóir ghinearálta chéanna i margadh intíre na tíre tionscnaimh. Ina theannta sin, d'áitigh sé nach bhfuil cur i bhfeidhm na caidhpe beartaithe ach chun cur i bhfeidhm ardleibhéal brabúis atá ró-ard a sheachaint i ríomhanna an ghnáthluacha. Luaigh EUWA gurb amhlaidh, ina thuairim, nach mbeadh leibhéal brabúis 8,3 % (an spriocbhrabús neamhdhíobhála a suíodh sa Rialachán sealadach) iomarcach, ach go raibh brabús ar cuireadh uasteorainn 4,16 % leis, arna cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, neamh-leordhóthanach.

(84) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ós rud é go gceanglaítear cur i bhfeidhm na caidhpe leis an mbun-Rialachán, agus go dtacaítear leis freisin le roinnt tuarascálacha ó phainéal an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí ([15]). Dá réir sin, níl aon discréid ag an gCoimisiún a chinneadh, rud atá contrártha do mhaíomh EUWA, gan an chaidhp a chur i bhfeidhm.

(85) Agus a oibleagáid á comhlíonadh aige chun caidhp bhrabúis a chur i bhfeidhm, áfach, tá lamháil discréide leathan ag an gCoimisiún chun an chaidhp sin a chinneadh. Rinne EUWA trácht ar oiriúnacht na catagóire ginearálta arna cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún sa Rialachán sealadach, ach níor mhol sé aon cheann malartach, gan trácht ar aon cheann níos iomchuí. Cé nach ard go leor an chaidhp bhrabúis dar le tionscal an Aontais, ní fhágann sin nach bhfuil an chaidhp féin réasúnach, iomchuí ná ceart. Dá bhrí sin, in éagmais roghanna malartacha níos oiriúnaí arna gcur ar aghaidh ag na páirtithe, choinnigh an Coimisiún ar bun an chaidhp bhrabúis 4,16 % mar a leagtar síos in aithris (64) den Rialachán sealadach.

(86) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh EUWA a mhaíomh gur úsáideadh leibhéal ró-íseal brabúis (an uasteorainn bhrabúis) chun an gnáthluach a ríomh. Mar sin féin, ós rud é nár chuir EUWA aon fhaisnéis nua ar fáil nó gur mhol sé aon mhodh malartach chun an uasteorainn bhrabúis a shuí, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(87) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin in aithrisí (66) go (68) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil maidir leis an modheolaíocht sin, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí sealadacha.

3.4. **Comparáid**

(88) Tar éis an nochta shealadaigh níor thug aon pháirtí leasmhar barúil maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun an praghas onnmhairiúcháin a chur i gcomparáid leis an ngnáthluach ríofa. Dá réir sin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (69) agus (70) den Rialachán sealadach.

([15]) EDT, Tuarascáil ón bPainéal, WT/DS480/R, an 25 Eanáir 2018, mír 7.51, agus WT/DS405/R, an 28 Deireadh Fómhair 2011, mír 7.300.

3.4.1. *Corrlach dumpála*

(89) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhumpála tar éis maímh ó pháirtithe leasmhara mar a thuairiscítear in aithrisí (57) go (59) agus (77). I dteannta na maíomh sin, chuir Dika agus EUWA araon i gcoinne mhodh an Choimisiúin a úsáideadh chun an dleacht iarmharach a bhunú.

(90) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Dika gur socraíodh an dleacht iarmharach ar leibhéal ró-ard. Trí úsáid a bhaint as na corrlaigh dhumpála is airde mar fhíorais ar fáil, ghearr an Coimisiún pionós ar Dika as a neamh-chomhoibriú. De réir Dika, toirmeasctar sin le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chomh maith le forálacha EDT comhfhreagracha.

(91) Mar sin féin, luaigh an Painéal an méid seo a leanas i ndíospóid eile EDT (*Canada – Welded Pipe*): "Is *féidir gur fánach a bhfuil idir, ar thaobh amháin, comhar a dhreasú agus imchéimniú a chosc agus, ar an taobh eile, onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha a phionósú*" ([16]). Maidir leis sin, ní féidir "*dul thar a raibh iomchuí agus riachtanach chun go mbainfear amach na cuspóirí a bhaineann le comhar a spreagadh agus imchéimniú a chosc*" ([17]). I dtuairim an Choimisiúin, is é sin cuspóir beacht an mhodha a úsáideadh sa Rialachán sealadach. Le haithris (73) den Rialachán sin míníodh gur chuir an Coimisiún i bhfeidhm an corrlach dumpála is airde a suíodh le haghaidh na gcineálacha táirgí a dhíol Hands i gcainníochtaí ionadaíocha, rudaí a sheasann do thart ar 50 % d'onnmhairí uile Hands chuig an Aontas.

(92) Agus cineálacha táirgí á roghnú a sheasann do 50 % d'onnmhairí Hands chuig an Aontas, chuir an Coimisiún modh réasúnach i bhfeidhm bunaithe ar mheasúnú ar an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil. Tá an méid sin i gcomhréir freisin le himscrúduithe a rinneadh roimhe sin agus leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta ina breithiúnas maidir le rothaí bóthair cruach ón tSín: "*cé gur thug na hiarratasóirí tuairisc ar an gcorrlach dumpála iarmharach mar "pionósach", is ar bhonn coiteann a chinn an Coimisiún an corrlach sin seachas ar bhealach treallach ná pionósach, ach tar éis dó a shuí gur mhainnigh sampláil agus chuir sé Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm go cuí maidir leis na hiarratasóirí. Bunaíodh an corrlach iarmharach sin ar bhonn cion d'onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin aonair nach raibh neamhshuntasach, ionas nach bhfuil údar le húsáid aicmiúcháin den sórt sin maidir leis an gcorrlach sin, is cuma cé chomh hard atá sé*" ([18]). Tá ionadaíochas 50 % de na méideanna onnmhairí, mar a thuairiscítear in aithris (57) thuas, cosúil leis an gceann a úsáideadh in imscrúduithe frithdhumpála eile nó tá sé níos airde ná sin ([19]).

(93) Ríomh an Coimisiún an dleacht iarmharach ar bhonn modheolaíocht bhunaithe ag úsáid sonraí fíoraithe, i gcomhréir le himscrúduithe roimhe sin mar a mhínítear in aithris (58) thuas. Ina theannta sin, bhí na sonraí a úsáideadh chun an dleacht iarmharach a bhunú ionadaíoch i bhfianaise na faisnéise arna soláthar leis na cineálacha táirgí arna n-allmhairiú ó na cuideachtaí de chuid Mharacó. Cé go bhfuil an toradh níos ísle ná mar ba mhian le EUWA, nó níos ísle ná an dleacht a socraíodh ar allmhairí ón tSín, ní dhéantar neamhbhailí an modh sin.

(94) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Dika go raibh an dleacht iarmharach pionósach agus ró-ard, agus do mhaíomh EUWA go raibh an dleacht iarmharach ró-íseal agus ina bónas le haghaidh neamh-chomhoibriú.

(95) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Dika a mhaíomh go raibh an modh chun an dleacht iarmharach a shuí pionósach agus nár mhínigh an Coimisiún conas a chinn sé go raibh an mhodheolaíocht a úsáideadh iomchuí nó go raibh sé ag úsáid na faisnéise is feiliúnaí chun an dleachtráta a shuí do Dika. Sa bhreis air sin, mhaígh Dika go raibh an modh sin toirmiscthe ag Painéal EDT in *China - GOES* inar sonraíodh gur "*dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil, ní rud é sin atá ceaptha chun comhar ó pháirtithe leasmhara a spreagadh trí corrlaigh dumpála iomarcacha a chinneadh*". Rinne Rialtas Mharacó maímh comhchosúla.

([16]) EDT, Tuarascáil ón bPainéal, WT/DS482//R, an 25 Eanáir 2016, mír 7.143.

([17]) Ibid.

([18]) Cás T-278/20, Zhejiang Hangtong Machinery Manufacture Co. Ltd agus Ningbo Hi-Tech Zone Tongcheng Auto Parts Co. Ltd v an Coimisiún Eorpach [2022] *ECLI:EU:T:2022:417*, mír 134.

([19]) Mar shampla, dleacht iarmharach de 29 % a bhunaítear in aithris 186 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1693 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 259, 10.10.2019, lch. 15, nó 50 % in aithris 290 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59).

(96) Mar sin féin, ní raibh aon "*corrlaigh dumpála iomarcacha*" ann mar thoradh ar an dleacht iarmharach arna shuí sa chás reatha. Measadh go raibh an modh a úsáideadh chun an dleacht iarmharach a shuí réasúnta toisc go raibh sé bunaithe ar chorrlaigh dhumpála na gcineálacha táirgí arbh ionann iad agus 50 % d'onnmhairí Hands agus, dá bhrí sin, a bhí an-ionadaíoch. Ina theannta sin, b'ionann na cineálacha táirgí sin agus beagnach 25 % d'onnmhairí Dika. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(97) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Dika freisin gur cheart corrlaigh dhumpála agus dhíobhála aonair a ríomh le haghaidh na cuideachta, ós rud é go léirítear le hAirteagail 9(5) den bhun-Rialachán agus 6.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT gur cheart na corrlaigh aonair sin a ríomh le haghaidh gach soláthróra gan beann ar a leibhéal comhair.

(98) Cé nach rabhthas in ann corrlaigh aonair a ríomh ar bhonn shonraí na cuideachta féin, mar a mhínítear thuas in aithrisí (26) go (48), is táirgeoir de chuid Mharacó é Dika a bhfuil aithne ag an gCoimisiún air, agus beidh sé faoi réir dleacht frithdhumpála a bhaineann go sonrach le cuideachta ar leibhéal na dleachta iarmharaí. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún leis an maíomh a mhéid a chinn sé ráta dleachta aonair a bhunú le haghaidh Dika tríd an gcuideachta agus a ráta dleachta a shainaithint go haonarach sna codanna ábhartha den Rialachán seo.

(99) Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh Dika a iarraidh ar ríomhanna dumpála agus corrlaigh díobhála a fháil chomh maith le ríomhanna sladghearrtha praghais agus sochta praghsanna do Dika. In éagmais nochtadh den sórt sin, d'áitigh Dika go raibh cosc air tairiscint gealltanais praghais a chur isteach agus an fhéidearthacht barúil fhóinteach a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin.

(100) Mar sin féin, ar na cúiseanna céanna a leagtar amach in aithrisí (46) agus (48) agus mar a mhínítear freisin do Dika tar éis na hiarrataí nochta sin tar éis an nochta shealadaigh agus nochtadh deiridh araon, níorbh fhéidir nochtadh sonrach a dhéanamh do Dika. Ós rud é nár ríomhadh aon chorrlach aonair dumpála nó díobhála le haghaidh Dika, níor nochtadh aon ríomh. Ina theannta sin, bhí na ríomhanna chun an dleacht iarmharach a chinneadh (is infheidhme maidir le Dika) bunaithe ar shonraí fíoraithe Hands, sonraí nárbh fhéidir a nochtadh do Dika ar chúiseanna rúndachta. Sa Rialachán sealadach, san fhaisnéis a cuireadh ar fáil do Dika tar éis an nochta shealadaigh ([20]), sa doiciméad nochta deiridh agus sa Rialachán reatha, bhí na fíorais agus na breithnithe uile ar ar bhunaigh an Coimisiún a thogra agus a chinneadh bearta sealadacha agus cinntitheacha a fhorchur ar ARW ó Mharacó chomh maith leis an modheolaíocht a úsáideadh chun an dleacht iarmharach is infheidhme maidir le Dika a ríomh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(101) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, dleacht gan íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
HANDS 8 S.A.	9,01 %
DIKA MOROCCO AFRIKA S.A.R.L	17,54 %
Gach cuideachta eile	17,54 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(102) In éagmais aon mhaíomh ná barúil ghaolmhar, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (75) agus (76) den Rialachán sealadach.

([20]) D'iarr Dika faisnéis (de réir an ríomhphoist an 22 Iúil 2022) maidir leis na costais réasúnta SGA agus brabús a úsáidtear sa Rialachán sealadach, an chaidhp bhrabúis, costais chomhlíontachta, IRI (infheistíochtaí, T&F agus nuálaíocht) chomh maith le sonraí Eurostat ar leibhéal TARIC.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(103) Mhaígh ACEA go ndearnadh an t-aonad comhshó mar a shonraítear in aithris (78) den Rialachán sealadach chun tomhaltas an Aontais a shuí ar bhealach mícheart le haghaidh Mharacó bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag Hands agus Úsáideoir A maidir le hallmhairí ó Mharacó. Bhí úsáideoir A ar cheann den dá úsáideoir a bhí ag comhoibriú leis an imscrúdú, agus ghlac an Coimisiún lena iarraidh ar anaithnideacht. Ba cheart an cóimheas tiontaithe a bheith cothrom le 13,5 kg in aghaidh an aonaid, de réir ACEA. I gcás an Tuirce, ríomh ACEA gur cheart go mbeadh an cóimheas comhshó 9,3 kg in aghaidh na hítime. Bhí an ríomh sin bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair comhalta de chuid ACEA nár chomhoibrigh leis an imscrúdú ("an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch") agus nár chuir isteach freagra ar an gceistneoir riamh.

(104) Chun a chóimheas comhshó a bhunú, d'úsáid an Coimisiún na freagraí ar an gceistneoir a chuir Hands, Dika agus na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais isteach. Dá réir sin suíodh an meánmheáchan ualaithe in aghaidh an aonaid le haghaidh rothaí de chuid Mharacó ar bhonn na faisnéise a thuairiscigh an dá tháirgeoir, i.e Hands agus Dika. 11,3 kg in aghaidh na hítime a bhí sa cóimheas comhshó a suíodh. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair ACEA aon fhianaise thacaíochta maidir leis an gcóimheas tiontaithe a líomhnaítear a sholáthair Hands dó. In aon chás, ní raibh an cóimheas sin ag teacht leis an bhfaisnéis a sholáthair Hands ina fhreagra fíoraithe ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(105) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA nár cheart sonraí Dika a áireamh sa chóimheas comhshó toisc gur diúltaíodh do shonraí díolacháin i leith onnmhairí na cuideachta faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(106) Rinne an Coimisiún na sonraí ó Dika a eisiamh chun an cóimheas comhshó a shuí. Ba é an toradh a bhí air sin nach raibh aon athrú ar luach 11,3 kg in aghaidh an earra. Is é is cúis leis sin ualach measartha íseal fhigiúirí Dika sa tacar sonraí foriomlán ina raibh ní hamháin Hands ach na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais freisin. Ní raibh in Dika ach 10 % — 15 % de líon foriomlán na n-ítimí a breithníodh. Dá bhrí sin, deimhníodh an cóimheas comhshó a ríomhadh ag an gcéim shealadach.

(107) Maidir leis an Tuirc, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an cóimheas comhshó arna ríomh ag ACEA bunaithe ar mheáchan iomlán 1 680 thona a sheas do thart ar 1,7 % de líon iomlán na n-allmhairí ón Tuirc (thart ar 94 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin). Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go raibh an ríomh sin cruinn go leor.

(108) Tar éis an nochta deiridh, thagair ACEA d'fhoilseán a bailíodh ar an láthair ó Úsáideoir B agus chuir sé faisnéis bhreise isteach freisin ó Úsáideoir B a thacaíonn lena mhaíomh. Bhí úsáideoir B ar cheann den dá úsáideoir a bhí ag comhoibriú leis an imscrúdú, agus ghlac an Coimisiún lena iarraidh ar anaithnideacht. Mheas ACEA, bunaithe ar na sonraí ó Úsáideoir B agus ar na sonraí ón úsáideoir neamh-chomhoibríoch, gur cheart go mbeadh an meáchan in aghaidh na hítime a úsáideann an Coimisiún mar chóimheas comhshó níos ísle ná 11.3 kg.

(109) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach ó Úsáideoir B. Úsáideoir B agus thug sé liosta de 30-45 cineál táirgí inar luadh an chainníocht iomlán agus an meáchan in aghaidh an chineáil táirge. Thug an Coimisiún dá aire nár cuireadh isteach ach doiciméad tacaíochta a léirigh an meáchan i gcás aon chineál táirge amháin. Maidir leis an bhfaisnéis bhreise a chuir ACEA ar fáil maidir le hÚsáideoir B, ní raibh an Coimisiún in ann í a fhíorú toisc gur cuireadh isteach rómhall í. Maidir leis an bhfaisnéis a chuir an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch ar fáil, arbh é a bhí inti scarbhileog achomair, ní raibh an Coimisiún in ann í a fhíorú de bharr easpa comhair an úsáideora sin ar an iomlán, agus dá bhrí sin ní fhéadfaí í a mheas chun críoch an imscrúdaithe seo. In aon chás, bhí an cóimheas comhshó iomlán athbhreithnithe arna ríomh ag ACEA bunaithe ar mheáchan iomlán de thart ar 3 900 tona, rud nach léiríonn ach thart ar 4 % de líon iomlán na n-allmhairí ón Tuirc.

(110) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún maidir leis na méideanna éagsúla a d'úsáid ACEA chun an cóimheas comhshó a shuí, roimh an nochtadh deiridh agus ina dhiaidh, nach bhféadfaí a mheas gur méideanna ionadaíocha iad ar na hallmhairí foriomlána. Sa bhreis air sin, mar a luaitear in aithris (78) den Rialachán sealadach, tá treocht an mhargaidh ag dul i dtreo trastomhas rothaí níos mó as a dtagann méadú ar an meáchan in aghaidh an aonaid. Deimhníodh an treocht sin leis an gcóimheas tiontaithe a ríomhtar bunaithe ar na freagraí ar na ceistneoirí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(111) Dá thoradh sin, in éagmais barúlacha, deimhníodh aithrisí (77) go (80) agus (137) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(112) Mar a léiríodh san aithris thuas, diúltaíodh don mhaíomh maidir leis an méid agus dá bhrí sin deimhníodh praghsanna na n-allmhairí.

(113) Dá bhrí sin, in éagmais maímh eile maidir leis na luachanna allmhairiúcháin iomlána, deimhníodh aithrisí (81) go (86) den Rialachán sealadach.

(114) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh ACEA go ndearna an Coimisiún neamhaird de na dálaí iomaíochta i margadh ARW an Aontais trí neamhaird a dhéanamh den fhíoras go ndéantar rothaí OEM de réir ord agus trí dhíriú ar dhíolacháin iarbhír a rinne táirgeoirí an Aontais agus táirgeoirí ARW Mharacó le linn na tréimhse imscrúdúcháin, in ionad anailís a dhéanamh ar iomaíocht praghsanna agus díolacháin chaillte a tharla sna tairiscintí. Os a choinne sin, in imscrúdú roimhe seo ([21]) maidir le hallmhairí ARW, chuir an Coimisiún an cur chuige a d'iarr ACEA i bhfeidhm. Dá bhrí sin, mhaígh ACEA gur cheart gach anailís ar phraghsanna, lena n-áirítear sladghearradh agus gearrdhíol, a dhéanamh ar leibhéal na dtairiscintí.

(115) Thug an Coimisiún aghaidh ar argóint chomhchosúil in aithris (192) thíos maidir le ríomhanna gearrdhíola. Go deimhin, níorbh fhéidir rogha na dtairiscintí aonair a chur in ionad na hanailíse a rinne an Coimisiún, ós rud é go raibh an anailís sin bunaithe ar na sonraí díolacháin iarbhír atá iomlán agus fíoraithe go cuí, i.e. liostú díolachán idirbheart agus comparáid praghsanna de réir cineáil arna dtíolacadh ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin. Leis an liostú sin, soláthraíodh luachanna iarbhír maidir leis an gcainníocht a díoladh agus a sonrascadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar luachanna iad, mar a mhínítear in aithris (136), atá éagsúil go minic ar deireadh leis na luachanna a sholáthraítear i dtéarmaí tairisceana. Murab ionann agus an dara ceann, cuirtear lascainí agus lacáistí san áireamh sna sonraí díolacháin iarbhír, bíodh siad curtha siar nó ná bíodh, a eisíodh iarbhír agus a bhain leis an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní léireodh anailís ar bhonn tairisceana go cruinn na dálaí iomaíochta ar mhargadh ARW. Thairis sin, níor cheistigh ACEA go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag ARWanna a tháirgtear i Maracó chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna agus atá ag na ARWanna a tháirgeann tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, murab ionann agus anailís bunaithe ar thairiscintí, léirigh an chomparáid in aghaidh an chineáil táirge i gceart an iomaíocht i bpraghsanna agus i méideanna idir na hallmhairí ó Mharacó agus díolacháin thionscal an Aontais ar mhaithe le sladghearradh praghais agus gearrdhíol praghais a shuí. Mar a léiríodh ina bharúlacha, mhínigh ACEA go léiríonn na conarthaí tairisceana líon na rothaí atá le soláthar agus thart ar líon na rothaí atá le soláthar, cé go gcomhaontaítear an líon cruinn de ghnáth laistigh de chúpla seachtain roimh an seachadadh, agus go mbraitheann rath samhla gluaisteán ar leith ar thomhaltóirí agus, dá bhrí sin, ar mhéid táirgeachta ARWanna. Le gach samhail gluaisteáin, d'fhéadfaí roinnt cineálacha ARWanna a thairiscint agus ní féidir le monaróirí gluaisteán díolacháin iomlána gach cineál a thuar i rith shaolré táirgthe na samhla gluaisteáin sin. Fiú dá ndéanfadh an Coimisiún breithniú ar na héifeachtaí ar phraghsanna ar leibhéal na dtairiscintí, thug sé faoi deara go raibh na sonraí a fuarthas maidir le tairiscintí neamhiomlán toisc nár tháinig siad ach ó dhá úsáideoir chomhoibríocha amháin agus nárbh fhéidir cros-seiceáil iomlán a dhéanamh orthu leis na sonraí a sholáthair tionscal an Aontais. Ina theannta sin, níor chomhoibrigh ceann de na húsáideoirí ba mhó leis an imscrúdú agus níorbh fhéidir na sonraí páirteacha a fuarthas thar a cheann ó ACEA a fhíorú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(116) Tar éis an nochta shealadaigh mhaígh ACEA nach bhfuil ARWanna a bhaineann leis na sonraíochtaí céanna inionadaithe ós rud é go dtógtar gach ARW tar éis ordú ó mhonaróir gluaisteán le haghaidh samhail gluaisteáin shonrach. An dearadh chomh maith leis na hairíonna agus leis an mbailchríochnú, is é an ceannaitheoir a shainíonn iad sin uile. Tá gach roth uathúil don mhonaróir gluaisteán a d'ordaigh é: níl aon inionadaitheacht idir ARWanna atá beartaithe do mhonaróirí gluaisteán éagsúla.

(117) Mheas an Coimisiún go raibh na bun-saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag na ARWanna uile, ar de thionscnamh thionscal an Aontais nó Mharacó nó tríú tíortha eile iad, de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán. Mar a aimsíodh le linn an imscrúdaithe agus mar a shoiléirigh ACEA tar éis an nochta deiridh, féadfaidh gach táirgeoir deimhnithe do mhonaróirí gluaisteán áirithe dul san iomaíocht agus an cineál céanna rothaí a sholáthar do mhonaróirí na ngluaisteán. Mar shampla, léirigh doiciméad a sholáthair ACEA go raibh iliomad táirgeoirí deimhnithe atá lonnaithe san Aontas, Maracó, an Tuirc agus tríú tíortha eile san iomaíocht don chineál céanna ARW. Más gá, is féidir cineálacha éagsúla rothaí a fheistiú ar shamhail gluaisteáin áirithe seachas na ARWanna a shocraítear sna tairiscintí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([21]) Rialachán (AE) 404/2010 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 117, 11.5.2010, lch. 64), aithrisí (175) go (179).

(118) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh ACEA a mhaíomh nach bhfuil aon idirmhalartaitheacht idir cineálacha éagsúla rothaí ós rud é gur rothaí OEM is ábhar don imscrúdú agus go dtagraíonn OEM de réir sainmhíniú do roth a tháirgeann monaróir le haghaidh branda gluaisteáin ar leith agus a bhfuil a thrádmharc cosanta ag cearta maoine intleachtúla air. Is cuid lárnach iad ARWanna den ghné ghinearálta agus de dhearadh gluaisteáin agus ní mór dóibh a bheith comhsheasmhach i ngach gluaisteán den shamhail shonrach chéanna.

(119) Mhaígh ACEA freisin nach raibh fianaise ag an gCoimisiún gur féidir cineálacha éagsúla rothaí a fheistiú ar shamhlacha gluaisteán áirithe agus ní hamháin ARWanna a chinntear sna tairiscintí. Is cuid lárnach iad ARWanna den ghné ghinearálta agus de dhearadh gluaisteáin agus ní mór dóibh a bheith comhsheasmhach i ngach gluaisteán den shamhail shonrach chéanna. De ghnáth caillfidh tomhaltóirí a mbarántas má chuireann siad páirteanna neamh-OEM in ionad ARWanna. Thug ACEA bunús lena mhaíomh ar bharántas bunaithe ar dhá dhoiciméad a d'eisigh dhá mhonaróir gluaisteán.

(120) Mheas an Coimisiún nár mhaígh ACEA ná níor chuir sé fianaise bhreise ar fáil go raibh na bun-saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag na ARWanna uile, ar de thionscnamh an thionscal an Aontais nó Mharacó nó tríú tíortha eile iad, de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún freisin, cé go bhféadfadh roinnt teorainneacha teicniúla a bheith ann nach gceadófaí do gach cineál rotha a bheith feistithe ar gach cineál samhlacha gluaisteán, go bhfuil leibhéal áirithe idirmhalartaithe idir na ARWanna a úsáidtear le haghaidh samhlacha gluaisteán éagsúla. Mar shampla, féadfaidh monaróir gluaisteán cinneadh a dhéanamh samhail gluaisteáin a athchóiriú trí oibriú ar chodanna seachtracha gluaisteáin, agus d'fhéadfadh samhail deartha ARWanna a bheith i gceist. Mar sin féin, tá an chuid is mó de shonraíochtaí teicniúla an ardáin gluaisteán comhionann i gcónaí. Dá bhrí sin, más gá, féadfaidh monaróir gluaisteán an tsamhail deartha ARW níos sine a fheistiú leis an ngluaisteán sin. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar tháirgeoirí ARWanna na múnlaí ó bhlianta roimhe seo a choinneáil ina n-áitreabh tar éis dheireadh an táirgthe. Dheimhnigh na táirgeoirí sampláilte san Aontas é sin, ar deonaíodh an tairiscint dóibh chun ARWanna a sholáthar le haghaidh samhail gluaisteán áirithe agus ina dhiaidh sin le haghaidh na samhla céanna gluaisteáin a athdhearadh.

(121) Maidir leis an maíomh maidir le barántas, thug an Coimisiún faoi deara ar dtús nach raibh aon cheanglas ar na cineálacha rothaí atá le húsáid i gceann de na séanta baránta a soláthraíodh. Ar an dara dul síos, ní bhaineann an fhianaise a cuireadh ar fáil ach leis an tréimhse bharántais agus ní le saol inúsáidte iomlán an ghluaisteáin. Ar an tríú dul síos, léirigh an fíoras gurb ann do chainéal díolacháin iarmhargaidh ARWanna nach raibh an ceanglas maidir le páirteanna OEM a úsáid le haghaidh deisiúcháin i bhfeidhm i gcónaí tar éis dheireadh na tréimhse baránta agus go raibh sé ceadaithe go teicniúil agus go dleathach. Ar deireadh, bhain ceann amháin den dá dhoiciméad a chuir ACEA ar fáil le margadh SAM, ach ní raibh sé soiléir i gcás an chinn eile an mbaineann sé le margadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(122) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA nár ghabh na sonraíochtaí cineáil táirge (ar a dtugtar "uimhir rialaithe táirgí" nó "PCN") saintréithe uile tionscadail ARW ar leith ná gach gné airgeadais de thairiscint ar leith. Mar thoradh air sin, níor chinntigh uimhir rialaithe an táirge inchomparáideacht na rothaí atá á gcur i gcomparáid agus dá bhrí sin bhain siad an bonn de chruinneas na hanailíse ar mhéideanna agus ar phraghsanna faoi seach.

(123) Mheas an Coimisiún gur gabhadh príomhthréithe ARW leis an sainmhíniú ar uimhir rialaithe an táirge: an próiseas táirgthe (rothaí teilgthe caighdeánacha gan rothaí déanta sreafa nó rothaí sreabhdéanta nó rotha gaibhnithe nó rothaí dhá pháirt nó trí pháirt), an trastomhas agus an meáchan, bíodh teaschóireáil orthu nó ná bíodh, an cineál críochnaithe, bíodh bíodh ionsá i gceist leis nó ná bíodh, agus bíodh bonn feistithe air nó ná bíodh. Níor thug aon cheann de na páirtithe comhoibríocha barúil maidir leis an sainmhíniú ar uimhir rialaithe an táirge le linn na n-imeachtaí. Níor mhínigh ACEA cén saintréith bhreise ba cheart a chur san áireamh. Ina theannta sin, mar a léirítear thuas in aithris (115), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir na tairiscintí an fhaisnéis is gá ar fáil chun éifeachtaí praghsanna agus méideanna na n-allmhairí dumpáilte a shuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(124) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh ACEA nach bhfuil aon tacaíocht sa chomhad neamhrúnda nó sa doiciméad nochta maidir leis an sladghearradh praghais suntasach agus sochtadh praghsanna a suíodh. Thug an Coimisiún faoi deara go raibh anailísí agus cainníochtú an Choimisiúin ar shladghearradh praghais in aithrisí (90) agus (91) den Rialachán sealadach chomh maith lena thorthaí maidir le sochtadh praghsanna. Thairis sin, nochtadh ríomh mionsonraithe ar shladghearradh praghais do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, a d'fhéadfadh barúil a thabhairt ar chruinneas an ríomha sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(125) In éagmais maímh eile maidir le sladghearradh agus éifeachtaí praghais, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (87) go (91) den Rialachán sealadach.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(126) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (92) go (96) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(127) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (97) go (99) den Rialachán sealadach.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(128) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (100) go (102) den Rialachán sealadach.

4.4.2.3. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(129) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (103) agus (104) den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fás

(130) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (105) go (107) den Rialachán sealadach.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(131) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (108) go (110) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(132) Maidir le haithris (113) den Rialachán sealadach, mhaígh ACEA gur cinnte go bhfuil ról ag praghsanna ach go bhfuil breithnithe eile chomh tábhachtach céanna agus soláthróir ARW á roghnú. Thairis sin, mhaígh ACEA go bhfuil earráid bhunúsach ag baint lena líomhain gur gá do tháirgeoirí an Aontais iad féin a ailíniú le praghsanna ó tháirgeoirí de chuid Mharacó le linn an phróisis tairisceana.

(133) Bhreathnaigh an Coimisiún go bhfuil éagothroime ann idir an chumhacht margála idir na monaróirí gluaisteán agus táirgeoirí ARW. Tá líon teoranta monaróirí gluaisteán ann, rud a laghdaíodh a thuilleadh in Eanáir 2021 le cruthú an ghrúpa Stellantis. Léirítear cumhacht mhargála na monaróirí gluaisteán leis na coinníollacha a bhreathnaítear sna tairiscintí, coinníollacha atá ina bhfabhar. Mar shampla, ní ráthaíonn na monaróirí gluaisteán na cainníochtaí is gá a sholáthar agus dá réir sin is gá do tháirgeoirí ARW a tháirgeadh ná ní sholáthraíonn siad an fhéidearthacht an praghas díola a athbhreithniú aníos (seachas na costais alúmanaim atá innéacsaithe) le linn shaolré an tionscadail. Tá tionchar diúltach ag na coinníollacha sin ar tháirgeoirí ARW ós rud é nach féidir leo ualach oibre na monarchana táirgthe a optamú agus, dá bharr sin, barainneacht scála optamach a bhaint amach chun a mbrabúsacht a uasmhéadú. Tá staid fhabhrach na monaróirí gluaisteán treisithe leis an ró-acmhainneacht a bhreathnaítear i margadh ARW mar a mhínítear in aithris (122) de bharr bhunú na dtáirgeoirí de chuid Mharacó.

(134) Thairis sin, le linn an imscrúdaithe, fuair an Coimisiún faisnéis ó na monaróirí gluaisteán go raibh príomhról ag an bpraghas. Mhínigh Úsáideoir B go bhfuil an praghas fós ar an bpríomhchritéar agus gurb amhlaidh tar éis na tairiscintí a fháil is ann do phróiseas caibidlíochta, atá dírithe go príomha ar phraghsanna, inar féidir leis na táirgeoirí feabhas a chur ar a dtairiscintí. Mhínigh EUWA gurb iondúil go mbíonn caibidlíocht praghsanna ann le linn an phróisis tairisceana chun coigeartuithe praghais a dhéanamh, agus is féidir gur coigeartuithe suas nó síos atá iontu. Mar an gcéanna, mhínigh Úsáideoir A go bhfuil tosca eile amhail cáilíocht, T&F agus cumais soláthair an-chosúil i measc sholáthróirí ARW agus dá bhrí sin go bhfuil an praghas ar an bpríomhchritéar chun an rogha soláthróra ARW a chinneadh. Thairis sin, le linn éisteacht le ACEA, dheimhnigh an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch ina aighneacht gurb ann do roinnt babhtaí caibidlíochta le soláthróirí ina ndéantar a n-acmhainneachtaí teicniúla, a rátáil cháilíochta, a lóistíocht, a n-acmhainneacht táirgeachta, etc. a fhíorú, ach, níos tábhachtaí fós, inar gá do na táirgeoirí a dtairiscint is iomaíche a chur i láthair ó thaobh praghais. Ina theannta sin, mar a shuitear in aithrisí (90) agus (91) den Rialachán sealadach, ní fhéadfadh tionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú d'ainneoin an mhéadaithe ar a chostais i gcomhthéacs sladghearradh praghais agus brú suntasach ar phraghsanna, rud a léirigh gur chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin ó Mharacó brú praghsanna ar tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(135) Mhaígh ACEA gur tugadh le fios go mícheart leis an Rialachán sealadach go ndéantar conarthaí a athchaibidliú gach bliain agus gur féidir le táirgeoirí ARW de chuid an Aontais a bpraghsanna a mhéadú ar bhealach éigin chun an méadú ar phraghsanna na n-amhábhar a léiriú. Mhínigh ACEA go raibh an sásra praghsála faoi chonarthaí ceannaigh ARW bunaithe ar fhoirmle inarb amhlaidh nach raibh ach an éabhlóid ar chostais an tinne alúmanaim ina heilimint athraitheach. Dá réir sin, leis na sonraisc díolachán níor léiríodh dálaí an mhargaidh ach téarmaí conarthacha ina ionad sin.

(136) Dheimhnigh an Coimisiún gurb iondúil nach ndearnadh foráil le conarthaí maidir le haon fhéidearthacht praghsanna a mhéadú le linn saolré tionscadail chun costais a chumhdach, seachas costas tinní alúmanaim, agus feabhas a chur ar bhrabúsacht soláthróra. In aithris (113) den Rialachán sealadach, níor áitigh an Coimisiún gurb ann d'fhéidearthacht tháirgeoirí ARW a bpraghsanna díola a mhéadú laistigh de shaolré tionscadail, ach mhínigh sé ina ionad sin nach raibh táirgeoirí ARW in ann a bpraghsanna a mhéadú agus tairiscintí nua á gcaibidliú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún fianaise ó na húsáideoirí agus ó na táirgeoirí de chuid an Aontais lena léirítear gur chaibidligh monaróirí gluaisteán cineálacha éagsúla lascainí agus lacáistí le linn saolré tionscadail, amhail lascainí arna ríomh ar an láimhdeachas foriomlán bliantúil, etc. Dá bhrí sin, níl sé cruinn a áitiú go bhfuil na praghsanna seasta (cé is moite den innéacsú alúmanaim) le linn saolré iomlán tionscadail. Ina ionad sin, d'fhéadfadh praghsanna athrú de bharr an innéacsaithe alúmanaim, ach ní fhéadfaí iad a mhéadú a thuilleadh chun costais eile a chur san áireamh amhail saothar, fuinneamh, amhábhair nó forchostais. Thairis sin, d'fhéadfadh na praghsanna díola iarbhír dul síos a thuilleadh le linn shaolré an tionscadail de bharr na lascainí agus na lacáistí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm. Le haghaidh úsáideoir amháin, measadh go raibh méid na lacáistí nó na lascainí a fuarthas ó tháirgeoir ARW suntasach. Dá bhrí sin, ní chinntear na praghsanna ach bunaithe ar an gconradh tosaigh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh.

(137) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh ACEA a mhaíomh nach ndearnadh praghsanna a chinneadh ach amháin ar bhonn an chonartha tosaigh toisc gur socraíodh lascainí táirgiúlachta sa chonradh agus nár deonaíodh aon lascainí táirgiúlachta lasmuigh de na socruithe conarthacha. Thairis sin, mhaígh ACEA nach raibh fianaise dhearfach ag an gCoimisiún ar an gcomhad a léirigh nár cinneadh praghsanna sa chonradh tosaigh amháin. Ar deireadh, mhaígh ACEA nár thacaigh an fhianaise a bailíodh ó na húsáideoirí leis an gconclúid sin, agus, go háirithe, gur nóta creidmheasa starógach a d'eisigh soláthróir tríú tír a eisíodh le haghaidh rothaí de thionscnamh tríú tír a bhí san fhianaise a léirítear san aithris thuas.

(138) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nár chuir aon cheann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ná na húsáideoirí comhoibríocha barúlacha isteach maidir leis an nochtadh deiridh, agus dá bhrí sin nár chuir sé amhras ar an measúnú a thuairiscítear in aithris (136) agus a bhí bunaithe ar an bhfianaise fhíoraithe a bailíodh uathu.

(139) Ar an dara dul síos, bunaithe ar bharúlacha agus ar dhoiciméid ACEA a cuireadh ar fáil, thug an Coimisiún dá aire gur thagair ACEA ina chuid barúlacha don leagan rúnda de thuarascálacha misin na n-úsáideoirí comhoibríocha, comhalta de ACEA, agus dá bhrí sin don fhianaise a bailíodh le linn cuairteanna fíorúcháin ar na húsáideoirí sin. Bhí sé sin le feiceáil ó na tagairtí éagsúla ó ACEA ina aighneachtaí chuig tuarascálacha misin rúnda na n-úsáideoirí atá i gceist. Go háirithe, thagair an Coimisiún do mhórleabhair chuntasaíochta a baineadh as córas Úsáideoir B ina bhféadfaí teacht ar liosta de chineálacha éagsúla lacáistí/lascaine. Le linn na cuairte fíorúcháin, mhínigh Úsáideoir B go gcuirtear laghduithe praghais i bhfeidhm go díreach ar an bpraghas díola. Dá bhrí sin, ba cheart aon chineál eile lacáistí/lascaine a chuirtear in áirithe sna cuntais a mheas mar lacáistí/lascainí breise.

(140) Thairis sin, bhailigh an Coimisiún fianaise ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais a léirigh gur iarr na húsáideoirí cineálacha éagsúla lacáistí/lascainí, amhail coigilteas bliantúil, etc. Mheas an Coimisiún nach bhféadfaí faisnéis níos mionsonraithe a nochtadh toisc gur bhain an fhaisnéis a bailíodh ó na húsáideoirí agus ó thionscal an Aontais araon le idirbhearta aonair sonracha arb ionann iad agus sonraí nach féidir achoimre a dhéanamh orthu de réir bhrí Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(141) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA gur cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil a léirigh go mbronntar a méideanna soláthair i dtairiscintí ar sholáthraithe ARW agus nach mbronntar aon mhéid soláthair lasmuigh de na tairiscintí. In aon chás, dar leis an bpáirtí, níl aon fhianaise ar an taifead — agus níl aon fhianaise den sórt sin ann — go ndéanfaí, tar éis dámhachtain tairisceana agus i bpróiseas forghníomhaithe conartha arna shíniú mar thoradh ar thairiscint den sórt sin, na méideanna a shanntar do tháirgeoir an Aontais a ath-leithdháileadh i bhfabhar soláthróir ó Mharacó. D'áitigh ACEA gur cuireadh fianaise ar fáil le linn an fhíoraithe ar an láthair ar úsáideoir comhoibríoch amháin a léiríonn go raibh méid na soláthairtí a comhaontaíodh sa chonradh a síníodh tar éis tairiscint a thabhairt i gcrích ina tháscaire maith go ginearálta maidir le méid iarbhír na soláthairtí a bhí ag dul ar aghaidh.

(142) Mheas an Coimisiún gur dheimhnigh ACEA na torthaí a thuairiscítear in aithris (157) *nach bhfuil aon ráthaíocht ag na táirgeoirí sin maidir leis an méid a leithdháilfear orthu sa deireadh*. Mar atá léirithe ag ACEA ina bharúlacha agus bunaithe ar thuarascáil fíorúcháin Úsáideora A "*tugann soláthróirí meastachán maidir le méid: ní dhéantar na méideanna a chinntiú, ach tá smaoineamh ag na soláthróirí ar na méideanna a bhfuil siad tabhairt meastachán ina leith. Más lú go mór na méideanna tar éis dheireadh an tionscadail (roinnt blianta) ná mar a bhíothas ag súil leis, d'fhéadfadh soláthróirí cúiteamh a fháil as an trealamh neamh-amúchta*". Cé gur léiríodh an méid a dtugadh meastachán ina leith, níor luaigh an gnáthchonradh dáta cruinn an tseachadta agus méid beartaithe na ndíolachán. Mar a luaigh ACEA ina chuid barúlacha: "*is iondúil go gcomhaontaítear líon beacht na rothaí atá le soláthar laistigh de 4-8 seachtaine sula seachadtar iad chuig an líne chóimeála*". Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(143) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA, mar a d'admhaigh EUWA, gur cleachtas níos coitianta é tairiscint le haghaidh tionscadal ARW ar leith a bhronnadh ar sholáthróir amháin seachas ar dhá sholáthróir nó níos mó. Ar bhonn na dtairiscintí a rinne trí chomhalta de ACEA le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch agus an dá úsáideoir chomhoibríocha), bhí teorainn leis na tairiscintí a deonaíodh go comhuaineach do dhá sholáthróir. Níor deonaíodh an chuid is mó de na tairiscintí ach do sholáthróir amháin, agus dá bhrí sin gheobhaidh an soláthróir an neaschainníocht a shonraítear sa tairiscint. Nuair a dheonaítear tairiscint do sholáthróir amháin, ní féidir soláthairtí a ath-leithdháileadh ar aon soláthróir eile.

(144) Scrúdaigh an Coimisiún an scarbhileog achomair a chuir ACEA ar fáil ina leith sin. Ar an gcéad dul síos, níor bhain liosta na dtairiscintí a soláthraíodh ach le tairiscintí a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus dá bhrí sin níor bhain na tairiscintí sin le seachadtaí iarbhír le linn na tréimhse imscrúdúcháin de bhrí go raibh sé beartaithe an dáta tosaigh measta don soláthar faoi na tairiscintí i dtrácht a bheith beartaithe don am i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an dara dul síos, thug an Coimisiún faoi deara gur thuairiscigh an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch formhór na dtairiscintí a liostaítear (thart ar 85 %). Mar gheall ar neamh-chomhoibriú an úsáideora, ní raibh an Coimisiún in ann cruinneas an liostaithe sin a fhíorú agus cé acu a bhí nó nach raibh na tairiscintí ar fad san áireamh ann agus an bhféadfadh sé riachtanais bhliantúla an mhonaróra gluaisteán sin a chumhdach. D'ainneoin na conclúide sin, rinne an Coimisiún anailís, mar sin féin, ar na sonraí a soláthraíodh.

(145) Léirigh liosta na dtairiscintí ón úsáideoir neamh-chomhoibríoch nár deonaíodh formhór na dtairiscintí sin ach d'aon soláthróir amháin. Mar sin féin, bhí an meánmhéid ualaithe a luadh sách íseal, thart ar 50 000 ítim in aghaidh na tairisceana ar feadh saolré iomlán tionscadail, inar míníodh nár bronnadh na tairiscintí i gceist ach ar sholáthróir amháin. Mar sin féin, thug an Coimisiún faoi deara gur leithdháileadh tionscadal amháin ar dhá sholáthróir "*mar gheall ar an méid ard*" mar a luadh le linn éisteachta a reáchtáladh le ACEA. Ar an tríú dul síos, bhain an fhaisnéis faoi thairiscintí arna soláthar ag na húsáideoirí comhoibríocha le trí thairiscint. I gcás Úsáideoir B léirigh na sonraí gur roinn sé tairiscint ar mhéid níos mó ná 1 mhilliún idir dhá sholáthróir. Thairis sin, i gcás Úsáideoir A bhí na sonraí arna soláthar ag ACEA ag teacht salach ar a chéile. Go deimhin, ar thaobh amháin, léirigh sé go raibh tairiscint amháin ann a leithdháileadh ar sholáthróir amháin, agus, ar an taobh eile, i dtábla ar leithligh maidir le tairiscintí, rinneadh na cainníochtaí céanna den tairiscint sin a roinnt idir dhá thairiscint. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár bhréagnaigh an fhaisnéis a chuir ACEA ar fáil na torthaí a rinneadh in aithris (157), gur féidir na tairiscintí a leithdháileadh ar roinnt soláthróirí bunaithe ar an gcainníocht a dtugadh meastachán ina leith, rud a chaitheann amhras ar mhéid iarbhír na méideanna atá le soláthar ag gach soláthróir i rith shaolré an tionscadail. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (115) thuas, d'admhaigh ACEA go bhféadfadh an méid iomlán atá le soláthar a bheith ag brath freisin ar rath na samhla gluaisteáin ar leith atá le táirgeadh.

(146) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(147) In éagmais aon bharúil eile, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí a leagtar amach in aithrisí (111) agus (113) den Rialachán sealadach.

4.4.3.2. Costais saothair

(148) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (114) agus (115) den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(149) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (116) agus (117) den Rialachán sealadach.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(150) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (118) go (123) den Rialachán sealadach.

4.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(151) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (124) go (129) den Rialachán sealadach.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

5.1.1. *Cainníocht agus an sciar den mhargadh de na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann*

(152) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithrisí (131) go (136) den Rialachán sealadach.

5.1.2. *Praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus éifeachtaí praghais*

(153) Mhaígh ACEA, tar éis an nochta shealadaigh agus an nochta deiridh araon, go raibh allmhairí ó Mharacó a díoladh in 2020 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar nósanna imeachta tairisceana a reáchtáladh in 2018-2019. Dá réir sin, ní fhéadfadh siad tionchar praghais a imirt in 2020 ná le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc nár tháinig díolacháin chaillte astu in 2020 ná le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach roimhe sin, ag pointe na nósanna imeachta tairisceana.

(154) Mheas an Coimisiún gur tháinig an brabús nó na caillteanais chun cinn an tráth a tharla an táirgeadh nó na díolacháin seachas an tráth a caibidlíodh na tairisceana. Mar a mhínítear a thuilleadh in aithris (89), tá athruithe praghais agus méid féideartha ann, le linn saolré tionscadail, a théann thar théarmaí tairisceana ar leith. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (113) agus in aithrisí (146) go (148) den Rialachán sealadach, maidir le tionchar táirgeoirí de chuid Mharacó, mheas an Coimisiún nach é an t-aon chúis atá leis sin an chainníocht a cailleadh trí thairiscintí a bhuaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Mharacó, ach freisin an brú praghsanna foriomlán ar na tairiscintí uile ina raibh siad rannpháirteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(155) Mhaígh ACEA, tar éis an nochta shealadaigh agus an nochta deiridh gur cheart an anailís ar phraghsanna a luaitear i bpointe 4.4.3.1 den Rialachán sealadach a dhéanamh ar leibhéal na dtairiscintí, agus sa chás sin, nárbh ann d'aon difríocht sa phraghas idir praghsanna an Aontais agus praghsanna Mharacó mar a thuairiscítear sa Rialachán sealadach.

(156) Mhaígh ACEA freisin, tar éis an nochta shealadaigh agus an nochta deiridh araon, gur tharla iomaíocht praghsanna idir soláthróirí le linn na dtairiscintí. Dá bhrí sin, ba cheart sladghearradh praghais, brú ar phraghsanna agus an corrlach gearrdhíola a ríomh ar leibhéal na dtairiscintí seachas le linn na seachadtaí. Le díolacháin agus seachadtaí níor léiríodh na coinníollacha iomaíochta reatha. Thairis sin, ní raibh méid na seachadtaí ag brath ar sholáthróirí, ach ar rath coibhneasta samhla gluaisteán sonraí agus dá réir sin ar an leibhéal táirgeachta.

(157) Bhreathnaigh an Coimisiún gur léiríodh leis an bhfaisnéis a sholáthair na páirtithe leasmhara nach raibh na praghsanna gan athrú ar feadh fad iomlán tairisceana áirithe. Mar a mhínítear in aithris (79), agus na tairiscintí á gcaibidliú, ní mór do tháirgeoirí ARW scéim lascaine a sholáthar ar feadh saolré tionscadail áirithe. Anuas air sin, le linn saolré tionscadail, féadfaidh monaróirí gluaisteán lascainí breise a iarraidh. Thairis sin, níl aon ráthaíocht ann maidir leis an méid díolachán le haghaidh tháirgeoirí ARW. Féadfaidh monaróirí gluaisteán táirgeoirí éagsúla a roghnú le haghaidh tionscadal áirithe, ach níl aon ráthaíocht ag na táirgeoirí sin maidir leis an méid a leithdháilfear orthu sa deireadh. Le haghaidh an mhonaróra de chuid gach ARW, bhí an méid seachadtaí ag brath ní hamháin ar rath coibhneasta samhla gluaisteán sonraí, ach ar chinneadh na monaróirí gluaisteán freisin maidir le leithdháileadh an mhéid sin idir na táirgeoirí roghnaithe. Dá bhrí sin, mar a léirítear in aithris (115), roghnú na sonraí ó thairiscintí aonair, ní féidir leis sin teacht in ionad na hanailíse a rinne an Coimisiún ar bhonn na sonraí iomlána, i.e. liostú na n-idirbheart díolachán agus comparáidí idir praghsanna de réir cineáil. Leis an gcomparáid sin léirítear an méid is mó sonraí maidir le hidirbhearta díolachán iarbhír a rinneadh.

(158) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún, sa chás sin, gur thug na tairiscintí léargas neamhiomlán, agus nach bhféadfaí na héifeachtaí praghais a thuiscint go hiomlán ach trí chomparáid a dhéanamh idir na hallmhairí uile ón tír lena mbaineann agus díolacháin uile thionscal an Aontais de réir an chineáil táirge a tharla le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(159) Mhaígh ACEA agus Hands go ngortófaí tionscal an Aontais, fiú in éagmais allmhairí ó Mharacó, rud a léiríonn dá réir sin nach raibh allmhairí ó Mharacó ina gcúis le díobháil ábhartha. D'athdhearbhaigh ACEA a mhaíomh tar éis an nochta deiridh. Go háirithe, d'fhanfadh díolacháin thionscal an Aontais in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin i bhfad faoi leibhéil 2019 in 2020 (-22 % in 2020 le Maracó agus -20 % gan Maracó) agus sa tréimhse imscrúdúcháin chomh maith leis sin (-18 % sa tréimhse imscrúdúcháin le Maracó agus -14 % gan Maracó). Ní fhéadfaí an díobháil sa tréimhse imscrúdúcháin a bheith inchurtha i leith allmhairí ó Mharacó, ós rud é gurb amhlaidh sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020, a mhéadaigh tionscal an Aontais a dhíolacháin (faoi 2 281 mhíle ítim) níos mó ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Mharacó (faoi 1 478 míle ítim). Dá réir sin, ní raibh aon tionchar méid ag allmhairí ó Mharacó. Thairis sin, ní fhéadfadh tionchar praghsanna a bheith ag allmhairí ó Mharacó sa tréimhse imscrúdúcháin ós rud é nach raibh aon sladghearradh praghais suntasach ann i dtairiscintí a tugadh i gcrích le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cé nach bhféadfadh aon tionchar diúltach a bheith ag praghsanna díola na n-allmhairí ó Mharacó a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus sin ar dhíolacháin chomhaimseartha thionscal an Aontais.

(160) Mhaígh ACEA freisin, tar éis an nochta shealadaigh agus an nochta deiridh araon, go ndearnadh difear do bhrabúsacht an tionscail de chuid an Aontais le táirgeadh agus díolacháin laghdaithe a tháinig as meath mór i dtáirgeadh gluaisteán an Aontais in 2020 agus 2021, as ar tháinig dá réir sin costais sheasta mhéadaithe.

(161) Mheas an Coimisiún nach bhféadfadh tionscal an Aontais na costais sheasta mhéadaithe sin a chur ar aghaidh chuig na déantóirí gluaisteán, de bharr, mar a leagtar amach thuas, nárbh féidir, faoi chonarthaí fadtéarmacha leis na déantóirí gluaisteán an praghas a bhí dlite a mhéadú chuig aon mhéadú ar na costais sheasta, ach amháin innéacsú an chostais ar thinní alúmanaim.

(162) Mar a léirítear in aithrisí (140) go (142) den Rialachán sealadach, d'aithin an Coimisiún gur laghdaigh an tomhaltas in 2020, rud a tharla de dheasca phaindéim COVID-19 go príomha. Mar sin féin, ba léir go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí ó Mharacó ar thionscal an Aontais in 2020 agus go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin tráth a mhéadaigh a méideanna go heaspónantúil. Dá réir sin, de réir mar a tháinig feabhas ar na coinníollacha le linn na tréimhse imscrúdúcháin ó thaobh méadú ar thomhaltas, bhí ar thionscal an Aontais, de bharr na n-allmhairí dumpáilte ó Mharacó lena ndearnadh sladghearradh 26,9 % ar phraghsanna thionscal an Aontais, a phraghsanna a choimeád íseal freisin, d'ainneoin an mhéadaithe ar an gcostas táirgthe. Dá bhrí sin, de bharr an bhrú ar phraghsanna rinne tionscal an Aontais díolacháin ag praghsanna nár chumhdaigh a gcostas táirgthe fiú gan trácht ar ghnáthchorrlach brabúis. Bhí an chonclúid sin bailí, fiú má ghlactar leis go raibh na praghsanna seasta (go príomha) i gconarthaí fadtéarmacha, ós rud é gur tháinig éifeachtaí diúltacha na bpraghsanna níos ísle sin ar allmhairí de chuid Mharacó chun cinn nuair a thosaigh na seachadtaí iarbhír faoi na conarthaí, a caibidlíodh ag céim níos luaithe, in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, de bharr rannpháirtíocht na dtáirgeoirí i Maracó i nósanna imeachta tairisceana agus a mbeartais praghsála, cuireadh brú praghsanna breise ar an margadh, rud a bhfuil barrachas soláthair ina shaintréith aige faoi láthair. Fiú má mhéadaigh cainníochtaí díolachán thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, lean sé den sciar den mhargadh a chailleadh de bharr na n-allmhairí ó Mharacó agus, dá dheasca sin, tháinig meath mór breise ar a staid airgeadais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(163) Mhaígh Hands nach bhféadfadh onnmhairí Hands chuig an Aontas ó Mharacó a bheith ina gcúis le haon díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais. De réir na cuideachta, thosaigh tromlach na dtáscairí díobhála (e.g., tomhaltas an Aontais, cainníocht táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainne, cainníocht díolachán, praghas díolachán) ar dhul i meath cheana idir 2018 agus 2019, ach ní fhéadfaidís a bheith inchurtha i leith Hands, ós rud é gur tosaíodh ar an táirgeadh in Eanáir 2020. D'áitigh Hands gur tógadh an mhonarcha freisin chun éileamh méadaitheach a chomhlíonadh sna margaí de chuid Mharacó agus sna margaí sin nach margaí de chuid an Aontais iad, agus nár tógadh í chun soláthar a dhéanamh don Aontas agus chuige sin amháin. Thairis sin, mhaígh Hands gur chomhfhreagair cuid dá n-onnmhairí chuig an Aontas d'athrú táirgeachta ón gCóiré Theas chuig Maracó.

(164) D'ainneoin gur tháinig laghdú in 2018 agus 2019 ar thomhaltas an Aontais chomh maith le díolacháin agus táirgeadh thionscal an Aontais, mhéadaigh tionscal an Aontais a bhrabúsacht ó 7,5 % chuig 8,2 %. Dá dhroim sin, níor suíodh aon díobháil le haghaidh na mblianta sin. Ina ionad sin, thosaigh díobháil ag teacht chun cinn in 2020, an tráth céanna a thosaigh na hallmhairí ó Hands, i dteannta allmhairí eile ó Mharacó, ag teacht isteach san Aontas. Is gá a thabhairt faoi deara, maidir leis sin, go ndearna an Coimisiún anailís, i gcomhréir le hAirteagal 3 den bhun-Rialachán, ar éifeacht na n-allmhairí dumpáilte uile ó Mharacó, agus ní hamháin cinn Hands. In aon chás, maidir le Hands, rinneadh sladghearradh lena allmhairí ar phraghsanna thionscal an Aontais agus bhí a dhumpáil agus a chorrlaigh dhíobhála suntasach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá dhroim sin, ní fhéadfaí a áitiú nár rannchuidigh a allmhairí le díobháil thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(165) Mhaígh Hands freisin nach raibh na torthaí sa Rialachán sealadach ina dtaca le toradh díobhála ábhartha a raibh allmhairí ARW ó Mharacó ina gcúis leis. Tógadh an anailís ar shonraí mearbhlacha agus líomhaintí gan bhunús nach bhfuil aon tacaíocht acu sa taifead ar an imscrúdú agus go deimhin i réaltachtaí tráchtála mhargadh ARW.

(166) Ní raibh an Coimisiún in ann a shainaithint sa mhaíomh sin cén chuid dá anailís díobhála a bhí mearbhlach nó gan bhunú nó ina líomhain agus sin amháin. Bhí torthaí an Choimisiún bunaithe ar fhianaise dhearfach a bailíodh le linn an imscrúdaithe, rud a cuireadh ar fáil do na páirtithe leasmhara uile sa cháschomhad agus ar a dtugtar tuairisc sa Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.1.3. *Méid na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann*

(167) Mhaígh ACEA nach raibh aon mhéadú suntasach ann ar mhéid na n-allmhairí de chuid Mharacó de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán agus go raibh allmhairí de chuid Mharacó i nideog a d'fhág táirgeoirí an Aontais go deonach, gan aon tionchar diúltach a bheith aige sin ar na méideanna a dhíol tionscal an Aontais.

(168) Mar a mhínítear in aithris (83) den Rialachán sealadach, shroich na hallmhairí ó Mharacó 2,5 milliún aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cé go raibh siad nialas in 2018 agus nárbh ann dóibh ach ar éigean fós in 2019. Ba é a tháinig as sin sciar 3,9 % den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Maidir leis an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí de chuid Mharacó, thug an Coimisiún dá aire gur chuir ACEA in aghaidh a argóinte a leagtar amach in aithris (191), gur cheart na corrlaigh ghearrdhíola a ríomh ar leibhéal na dtairiscintí ina dtarlaíonn an iomaíocht idir na táirgeoirí de chuid Mharacó agus na táirgeoirí de chuid an Aontais, rud a léiríonn go raibh iomaíocht dhíreach ann idir na hallmhairí de chuid Mharacó agus an táirgeadh de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh allmhairí suntasach, i ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas leis an tomhaltas san Aontas, de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. I bhfianaise na leibhéal praghsanna a suíodh, bhí tionchar diúltach ag na méideanna ar phraghsanna thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh sé a thorthaí a achoimrítear in aithrisí (131) go (136) den Rialachán sealadach.

(169) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh ACEA nach raibh aon tionchar diúltach ag allmhairí Mharacó ar thionscal an Aontais. Thairis sin, mhaígh ACEA nár thug an Coimisiún míniú ar an gcaoi ar tháinig laghdú 17 % (táirgeacht) agus laghdú 21 % (díolacháin) ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar allmhairí ARWanna ó Mharacó a bhfuil sciar 3,9 % den mhargadh acu.

(170) Thug an Coimisiún dá aire gur thagair ACEA don tréimhse faoi bhreathnú ina anailís, agus mar a léirítear thuas in aithris (162), is mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 den chuid is mó a tháinig laghdú ar tháirgeacht an Aontais idir 2018 agus 2020. Thairis sin, maidir leis an tréimhse 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin, nuair a tháinig méadú + 8,0 % ar thomhaltas an Aontais, tháinig méadú suntasach ar na hallmhairí ó Mharacó (is é sin 244 %) agus níor tháinig ach méadú 5,2 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais. Thairis sin, bhí an méadú ar sciar margaidh na

n-allmhairí ó Mharacó idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin thart ar 2,1 pointe céatadáin, ach tháinig laghdú 1,8 pointe céatadáin ar sciar mhargadh thionscal an Aontais. Ina theannta sin, agus gach tionscnamh allmhairí seachas Maracó á meas, thug an Coimisiún dá aire go raibh an méadú ar mhéideanna na n-allmhairí thart ar 6,6 % idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ba é ba chúis leis an méadú sin an méadú ar mhéideanna allmhairí ón Tuirc (méadú 19 %) agus tháinig laghdú ar an iomlán ar mhéideanna na n-allmhairí ó gach tír eile le linn na tréimhse céanna. Mar sin féin, mar a thuairiscítear in aithrisí (171) go (174) thíos, shuigh an Coimisiún nár mhaolaigh na hallmhairí ón Tuirc an nasc cúisíoch a aimsíodh idir na hallmhairí ó Mharacó agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Dá bharr sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a thorthaí in aithris (168) thuas go raibh tionchar diúltach ag méideanna na n-allmhairí ó Mharacó ar phraghsanna thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(171) Mhaígh Hands agus ACEA gur cheart imscrúdú cuí a dhéanamh ar thionchar allmhairí tríú tíortha: sheas tríú tíortha eile do nach mór 90 % de na hallmhairí iomlána agus bhí a sciar den mhargadh cothrom le thart ar 25 %. Go háirithe, mhéadaigh an Tuirc a sciar den mhargadh sa tréimhse faoi bhreathnú ó 10,3 % go 13,0 %.

(172) Rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí ó thríú tíortha. Maidir leis an Tuirc, an phríomhthír allmhairiúcháin, léirigh an Coimisiún, mar a léirítear in aithris (138) den Rialachán sealadach, go raibh meánphraghsanna ón Tuirc i bhfad níos airde i gcomparáid le praghsanna allmhairiúcháin ó Mharacó (+ 14 %), agus fiú beagán níos airde i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais (+ 1,0 %). Thairis sin, bhí meánphraghas na n-allmhairí ón Tuirc os cionn chostais táirgthe thionscal an Aontais in 2018, 2019 agus 2020. Ba sa tréimhse imscrúdúcháin, agus sa tréimhse sin amháin, a tháinig laghdú beag faoi bhun 1 % air sin. Thairis sin in 2020 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, nuair a tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, bhí praghsanna allmhairí de chuid na Tuirce os cionn phraghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh na hallmhairí sin an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí ó Mharacó agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(173) Tar éis an nochta deiridh, maidir le hallmhairí de thionscnamh na Tuirce, d'athdhearbhaigh Hands a mhaíomh gur theip ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh agus go ndearna sé neamhaird ar éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí ón Tuirc. Líomhnaítear gur theip ar an gCoimisiún anailís níos beaichte a dhéanamh ar bhonn na sonraí ó Hands féin, rud a léiríonn nach raibh a thairiscintí praghais féin i dtairiscintí ar an bpraghas is saoire i gcónaí agus nár bronnadh ach cuid bheag de na tairiscintí go léir orthu. Rinne ACEA maíomh comhchosúil maidir leis an táirgeoir céanna.

(174) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Hands ar chúiseanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún faoi deara, mar a mhínítear in aithris (90) den Rialachán sealadach, agus na díolacháin iarbhír de réir cineál táirge á gcur i gcomparáid le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gur shuigh sé corrlach sladghearrtha suntasach 26,9 %, a chuimsigh na díolacháin ó Hands. Ar an dara dul síos, mar a mhínítear in aithrisí (115) agus (192), dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh ACEA gur cheart anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí praghais ar leibhéal na dtairiscintí. Ar an tríú dul síos, níor mhaígh Hands go raibh a chuid tairiscintí praghais i dtairiscintí níos costasaí ná tairiscintí tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Tuirce. Ina ionad sin, bhain a mhaíomh le "monaróirí ARW eile" go ginearálta. Ina theannta sin, fiú dá mba rud é nár ghá gurbh iad tairiscintí praghsanna Hands na tairiscintí ab saoire, rinne an Coimisiún anailís ar na héifeachtaí praghsanna ar bhonn na n-allmhairí uile ó Mharacó, áit a raibh sciar an táirgeora onnmhairiúcháin eile, Dika, suntasach (thart ar 60 % – 70 % den mhargadh). Ar deireadh, mar luaitear in aithris (172) thuas, bhí na praghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc níos airde ná meánphraghas thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(175) Tar éis an nochta deiridh, chuir ACEA in iúl an athuair in aithris (159) nach raibh an sladghearradh praghais ó Mharacó, bunaithe ar thairiscintí, suntasach (i.e. 3,7 %), go háirithe i gcomparáid leis an sladghearradh praghais, arna ríomh ag ACEA, don Tuirc nó don Téalainn, a bhí thart ar 10 % agus 1 % faoi seach.

(176) Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar an scarbhileog achomair a chuir ACEA isteach maidir le tairiscintí praghsanna. Is éard a bhí sa scarbhileog sin 15 thairiscint, a tháinig ó thrí chomhalta de chuid ACEA (i.e. an t-úsáideoir neamh-chomhoibríoch agus an dá úsáideoir chomhoibríocha). Cuireadh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil: an t-ainm úsáideora, an chainníocht agus an praghas ítime a thairgeann gach soláthróir. Thug an Coimisiún dá aire áfach nár cuireadh uimhriú inmheánach gach tairisceana ar fáil, rud a chuir cosc ar an gCoimisiún cros-seiceáil a dhéanamh ar na sonraí leis an bhfaisnéis fhíoraithe a chuir an dá úsáideoir chomhoibríocha ar fáil cheana le linn

an imscrúdaithe. Thairis sin, níor cuireadh roinnt eilimintí praghais ar fáil (amhail na lascainí bliantúla pleanáilte, ar a dtugtar "lascainí táirgiúlachta" freisin) agus dá bhrí sin níorbh fhéidir a mheas ar cuireadh gach ceann díobh san áireamh i bpraghas an earra a tairgeadh. Níos tábhachtaí fós, bhain an chuid is mó de na tairiscintí praghais leis an úsáideoir neamh-chomhoibríoch. Mar a léirítear in aithris (109), mar gheall ar an easpa comhair ar an iomlán ón úsáideoir sin, ní fhéadfaí an fhaisnéis theoranta a chuir sé ar fáil a mheas chun críoch an imscrúdaithe seo. Maidir leis an bhfaisnéis bhreise a chuir ACEA ar fáil maidir le hÚsáideoir A agus Úsáideoir B, bhain sé le tairiscintí praghsanna nach bhféadfadh an Coimisiún a fhíorú toisc gur cuireadh isteach rómhall í. Go háirithe, ní raibh an Coimisiún in ann a chinneadh an raibh an tacar sonraí a soláthraíodh uileghabhálach nó nach raibh. In aon chás, liostaíodh 14 tairiscint Mharacó as 15 thairiscint sa tacar sonraí, 5 cinn don Tuirc agus 5 cinn don Téalainn Bhí an ríomh sladghearrtha a rinne ACEA bunaithe ar phraghas an mheastacháin ([22]). Thug an Coimisiún faoi deara gur léirigh ríomhanna ACEA féin go raibh na tairiscintí praghais ó tháirgeoirí Mharacó níos ísle ná tairiscintí thionscal an Aontais. Thairis sin, agus na méideanna a tuairiscíodh ([23]) sa scarbhileog seo á gcur i gcomparáid le méideanna iomlána na n-allmhairí arna suí le haghaidh na Tuirce agus na Téalainne ar bhonn shonraí Eurostat (féach tábla 11 den Rialachán sealadach), ba chosúil nach raibh an méid a tuairiscíodh go háirithe le haghaidh na Tuirce ionadaíoch (faoi bhun 5 %). Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon chonclúid fhóinteach a bhaint as an bhfaisnéis sin arna soláthar ag ACEA. Thairis sin, chinn an Coimisiún cheana in aithris (139) den Rialachán sealadach nár mhaolaigh an Téalainn agus an Tuirc an nasc cúisíoch a aimsíodh idir na hallmhairí dumpáilte ó Mharacó agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

5.2.2. *Paindéim COVID-19*

(177) Mhaígh Hands gur laghdaigh éileamh ARW an Aontais in 2020, is é sin laghdú 14 mhilliún aonad, a sheasann do 20 oiread mhéid na n-allmhairí ARW ó Mharacó. Da bhrí sin, bhí tionchar na paindéime chomh suntasach sin gur cheart don Choimisiún a mheas gur bhris sí aon nasc cúisíoch a d'fhéadfadh a bheith ann idir allmhairí ARW ó Mharacó agus aon díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

(178) Mar a léirítear in aithrisí (140) go (142) den Rialachán sealadach, d'aithin an Coimisiún tionchar COVID-19 ar an tionscal de chuid an Aontais. Mar sin féin, cé gur cumhdaíodh le an tréimhse imscrúdúcháin tréimhse an téarnaimh iar-COVID, d'fhéadfadh an Coimisiún a shuí, mar a mhínítear in aithris (94) thuas, gurb amhlaidh nár thairbhigh tionscal an Aontais nuair a tháinig an margadh aniar tar éis COVID de dheasca na n-allmhairí méadaithe ón tír lena mbaineann ag praghsanna dumpáilte. A mhalairt ar fad, de réir mar a tháinig meath breise ar staid thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí tionchar diúltach phaindéim COVID-19 a mheas mar an t-aon chúis amháin leis an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais a mhéid a mhaolódh sé an nasc cúisíoch idir an díobháil sin agus na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(179) D'athdhearbhaigh na Hands a iarraidh ar mhíniú sásúil agus mionsonraithe go háirithe, ós rud é gur aithin an Coimisiún go sainráite go raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais.

(180) In éagmais iarraidh níos beaichte agus níos sonraí, mheas an Coimisiún gur leor na mínithe atá sa roinn seo cheana chun go mbeadh an chuideachta in ann réasúnaíocht an Choimisiúin a thuiscint agus a cearta cosanta a fheidhmiú. Dhiúltaigh sé, dá bhrí sin, don mhaíomh.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(181) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (143) go (145) den Rialachán sealadach.

5.2.4. *Éifeacht conarthaí ilbhliantúla agus éabhlóid na gcostas táirgthe*

(182) In éagmais barúlacha, deimhníodh aithrisí (146) go (148) den Rialachán sealadach.

([22]) Is ionann an meastachán nó praghas na tairisceana agus an praghas a thairgeann gach rannpháirtí sna tairiscintí agus tairiscint á cur isteach acu.

([23]) In éagmais faisnéis eile, ghlac an Coimisiún leis gur bhain na méideanna a tuairiscíodh sa scarbhileog leis an méid foriomlán a luadh le linn shaolré ionchasach gach tionscadail. Bunaithe ar mheántréimhse 5 bliana, leithdháileadh na méideanna a tuairiscíodh ar an gcaoi sin dá réir sin.

5.2.5. *Tomhaltas*

(183) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí (146) go (148) den Rialachán sealadach.

5.26. *Iomaíocht i dtairiscintí*

(184) Mhaígh ACEA gur cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar iomaíocht laistigh den Aontas. Bhailigh ACEA faisnéis óna chomhaltaí agus fuair sé amach go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais rathúil in 31 tairiscint as 45 thairiscint san iomlán, soláthróirí ó Mharacó agus ón Téalainn in 5 cinn an tír agus soláthróirí ón Tuirc in 4 cinn, cé gur bhuaigh an Tuirc formhór na dtairiscintí ó thaobh ítimí.

(185) Ar dtús, mheabhraigh an Coimisiún nár cheistigh ACEA ionadaíochas an tsampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán. Dá réir sin, ní féidir le ACEA a mhaíomh go bailí gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar cé acu a tháinig nó nár tháinig tionchar líomhnaithe na n-allmhairí dumpáilte ar phraghsanna as iomaíocht praghsanna ó tháirgeoirí de chuid an Aontais nach n-áirítear sa sampla ([24]). Thairis sin, mar a léirítear i dTábla 5 den Rialachán sealadach, léirigh táirgeoirí an Aontais a gcumas i dtaca le sciar den mhargadh a choinneáil os cionn 70 % ach brabúsacht de thart ar 8 % a choinneáil freisin in 2018-2019. Baineadh an méid sin amach i margadh an-iomaíoch, bunaithe ar thairiscintí a bhí eagraithe ag monaróirí gluaisteán, ina bhféadfadh na táirgeoirí uile de chuid an Aontais agus na táirgeoirí uile a bhí lonnaithe i dtríú tíortha eile dul in iomaíocht le haghaidh na dtairiscintí céanna. Ciallaíonn sin go raibh táirgeoirí an Aontais iomaíoch faoi ghnáthdhálaí margaidh córa, gan díobháil a bheith á déanamh don tionscal ina iomláine. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh an maíomh a rinne ACEA bunaithe ar 45 thairiscint ó thrí chomhalta ACEA (4 chonradh tuairiscithe ag an dá úsáideoir chomhoibríocha agus 41 díobh ó cheann neamh-chomhoibríoch). Ní raibh an fhaisnéis teoranta ach do bhuaiteoir na tairisceana, do na cainníochtaí measta agus do thionscnamh na dtairgeoirí eile nach tairgeoirí de chuid an Aontais iad (Maracó, an Téalainn nó an Tuirc). Ina theannta sin, ní raibh aon fhianaise mar thaca leis an bhfaisnéis sin chun a cruinneas agus hiontaofacht a chruthú. Níor soláthraíodh na tagairtí tairisceana fiú amháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(186) Mhaígh ACEA freisin gurb amhlaidh, ag glacadh leis fiú gur ceart gur gá do rannpháirtithe tairisceana iad féin a ailíniú leis an tairgeoir is ísle, de réir ACEA, atá fianaise dhobhréagnaithe ann go ndéantar an t-ailíniú sin ar an gcéad dul síos maidir leis an táirgeoir is saoire de chuid an Aontais agus ar an dara dul síos faoi threoir allmhairí tríú tíortha, agus aon ailíniú le meastacháin soláthróirí de chuid Mharacó ag teacht i bhfad siar sa tríú háit gan ach 5 chás ann.

(187) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an anailís a rinne ACEA bunaithe ar líon teoranta tairiscintí (i.e. 15) agus gurb é a bhí san fhaisnéis a sholáthair ACEA tábla lena liostaítear 15 thairiscint phraghais lena gcumhdaítear foinsí uile an táirge lena mbaineann (táirgeoirí de chuid an Aontais agus na príomhtháirgeoirí uile de chuid tríú tíortha) a chuir trí chomhalta ACEA isteach. 4 chonradh tuairiscithe ag dhá úsáideoir chomhoibríocha agus 11 chonradh ó úsáideoir neamh-chomhoibríoch. Ina theannta sin, amhail i gcás an mhaímh roimhe sin, ní raibh aon fhianaise mar thaca leis an bhfaisnéis sin chun a cruinneas agus a hiontaofacht a chruthú. Níor soláthraíodh na tagairtí tairisceana fiú amháin. Mar shampla, níor soláthraíodh aon fhaisnéis maidir le cé acu a áiríodh nó nár áiríodh sa phraghas a tuairiscíodh na costais choimhdeacha agus na lascainí uile a áirítear sna tairiscintí. Thairis sin, níor soláthraíodh na doiciméid tairisceana fholuiteacha agus, dá bharr sin, ní raibh an Coimisiún in ann an fhaisnéis a soláthraíodh a fhíorú agus diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin. Fiú má bhí an Coimisiún chun an fhaisnéis sin a chur san áireamh, bhreathnaigh sé gur sheas méideanna iomlána na dtairiscintí luaite do thart ar 5 % de thomhaltas iomlán an Aontais, agus dá réir sin níor measadh go raibh siad ionadaíoch. Ina theannta sin, i ngach cás seachas dhá cheann bhí na tairiscintí praghais a rinne táirgeoirí Mharacó faoi bhun na dtairiscintí a rinne táirgeoirí an Aontais. Dá dhroim sin, mheas an Coimisiún gur mhainnigh ACEA fianaise a sholáthar lena léirítear gurbh éigean do na rannpháirtithe tairisceana iad féin a ailíniú leis na táirgeoirí is saoire de chuid an Aontais agus nach raibh na soláthróirí de chuid Mharacó ag ísliú praghsanna.

(188) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA gur iarr an Coimisiún féin ar chomhaltaí ACEA na sonraí sin a sholáthar maidir le luachanna tairisceana bunaithe ar thús an táirgthe, rud a sholáthair ACEA dá réir sin. Chuir ACEA doiciméid bhreise ar fáil freisin ó Úsáideoir B. Ar deireadh, mheas ACEA go raibh an tacar sonraí sin ionadaíoch toisc go raibh sé bunaithe ar 29 dtairiscint, gur chumhdaigh sé beagnach 100 % de cheannacháin ARW Mharacó, agus bhí fianaise mar thaca leis.

([24]) Féach breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, *Nevinnomysskiy Azot et NAK "Azot"/an Coimisiún*, T-865/19, EU:T:2022:559, míreanna 283 – 286.

(189) Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir nár iarradh an fhaisnéis faoi thairiscintí ach ar an dá úsáideoir a chomhoibrigh go hiomlán leis an imscrúdú, a chuir freagraí ar an gceistneoir ar fáil agus a ndearnadh a gcuid sonraí a fhíorú. Measadh na sonraí a chuir ACEA isteach ina dhiaidh sin maidir leis an úsáideoir neamh-chomhoibríoch a bheith neamhiomlán, neamhiontaofa agus neamh-infhíoraithe mar gheall ar easpa comhoibrithe an úsáideora sin. Thug an Coimisiún dá aire gur ar an úsáideoir neamh-chomhoibríoch go príomha a bhunaigh ACEA a anailís. Chomh maith leis sin, cé gur mhaígh ACEA go raibh fianaise ag tacú lena thacar sonraí, mheas an Coimisiún gur scarbhileoga achoimre den chuid is mó a bhí sa tacar sonraí agus gurbh iad na tagairtí tairisceana a luaigh ACEA uimhreacha inmheánacha gach tairisceana. Mar sin féin, níor soláthraíodh na doiciméid iomlána maidir leis na tairiscintí, amhail cóipeanna de théarmaí tagartha, na tairiscintí iarbhír a fuarthas, etc. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(190) In éagmais aon bharúil eile maidir le cúisíocht, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (152) go (154) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Ríomhanna an chorrlaigh gearrdhíola**

(191) Mhaígh ACEA, tar éis an nochta shealadaigh agus an nocht deiridh araon, gur cheart don Choimisiún ríomhanna corrlaigh gearrdhíola a dhéanamh ar leibhéal na dtairiscintí amhail san imscrúdú bunaidh in aghaidh allmhairí ARW ón tSín ([25]).

(192) Scrúdaigh an Coimisiún an argóint agus shuigh sé go ndearnadh maíomh comhchosúil le linn an imscrúdaithe an athbhreithnithe éaga ar na bearta a luaitear thuas ([26]) agus gur diúltaíodh dó. In aithris (115) thuas, mhínigh an Coimisiún nach féidir roghnú sonraí ó thairiscintí aonair a chur in ionad na hanailíse praghais agus méid a rinne an Coimisiún bunaithe ar na sonraí iomlána, i.e. liostú díolachán idirbhirt agus comparáidí praghsanna de réir an chineáil. Leis an gcomparáid sin léirítear an méid is mó sonraí maidir le hidirbhearta díolachán iarbhír a rinneadh. Thairis sin, sloinneadh an corrlach gearrdhíola mar chéatadán den phraghas onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Leis an anailís ar bhonn na sonraí iomlána ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus ó tháirgeoirí an Aontais, léiríodh gearrdhíol 44 % le haghaidh Hands agus 51,6 % le haghaidh táirgeoirí eile de chuid Mharacó. Dá bhrí sin, diúltaíodh an argóint sin.

(193) Mhaígh Hands go bhfuil coigeartuithe an Choimisiúin atá nasctha le costais comhshaoil todhchaí treallach agus amhantrach, agus go ndéantar difear leo d'inchomparáideacht praghsanna, agus go dtugtar isteach saobhadh ar inchomparáideacht praghsanna leo idir díolacháin de chuid an Aontais agus Mharacó. Rinne Hands tagairt do Shamhail Forbartha Nua de chuid Mharacó, rud a seoladh in Aibreán 2021 agus lena n-áirítear infheistíocht i bhfuinneamh glas inbhuanaithe chun bheith iomaíoch i dtionscail ísealcharbóin, agus gheall an tír os cionn 50 faoin gcéad dá leictreachas a fhoinsiú ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Dá bhrí sin, is léir nár chuir an Coimisiún costais todhchaí san áireamh, ar costais iad a thabhódh Hands le linn chur i bhfeidhm na mbeart, lena n-áirítear iad sin atá nasctha leis na hiarrachtaí dícharbónúcháin i Maracó.

(194) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh áireamh na gcostas comhshaoil todhchaí sa spriocphraghas le haghaidh thionscal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán. Ní raibh áireamh na gcostas sin bunaithe ar thuairimíocht agus sin amháin ach ar fhianaise dhearfach ar na hinfheistíochtaí iarbhír a bhí beartaithe. Maidir le cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh infheistíochtaí a bheith ag Maracó i bhfuinneamh glas inbhuanaithe, níl sin ábhartha le haghaidh chur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an bhun-Rialacháin maidir le bunú spriocphraghas an Aontais inar gá costais chomhshaoil a bheidh ann amach anseo a chur san áireamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(195) Mhaígh Hands nár sholáthair an Coimisiún aon mhíniú ar a ríomh ar na costais a bheidh ann amach anseo agus dá réir sin baineadh a gceart cosanta de Hands agus de pháirtithe leasmhara eile.

([25]) Rialachán (AE) 404/2010, aithrisí (175) go (179).

([26]) Aithrisí (125) agus (126) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle l (IO L 18, 24.1.2017, lch. 1).

(196) Sholáthair an Coimisiún fianaise maidir leis na costais a bheidh ann amach anseo tar éis iarraidh ó Dika. Foilsíodh an freagra sa chomhad oscailte a bhí ar fáil do na páirtithe uile. Dá bhrí sin, níor sáraíodh na cearta cosanta.

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(197) In éagmais barúlacha, deimhníodh aithrisí (165) agus (166) den Rialachán sealadach.

7.2. **Leas úsáideoirí**

(198) D'athdhearbhaigh ACEA a mhaíomh a luaitear in aithris (170) den Rialachán sealadach nach bhféadfadh tionscal ARW de chuid an Aontais an t-éileamh a chomhlíonadh. Líomhnaítear gurb amhlaidh, ar feadh níos mó ná 15 bliana, a d'fhulaing an tAontas de dheasca fo-acmhainneachta agus ganntanas mar gheall ar na hinfheistíochtaí neamh-leordhóthanacha a rinne táirgeoirí an Aontais. De réir ACEA, mhainnigh táirgeoirí ARW de chuid an Aontais go comhsheasmhach a ngealltanas a chomhlíonadh chun acmhainneacht táirgeachta a mhéadú agus slándáil an tsoláthair a áirithiú san Aontas. Mheabhraigh ACEA gurb amhlaidh, i gcomhthéacs imscrúdú frithdhumpála an Choimisiúin ar ARW ón tSín, a líomhnaítear gur gheall táirgeoirí de chuid an Aontais a n-acmhainneacht táirgeachta a mhéadú agus chuir an Coimisiún síneadh, a líomhnaítear, leis an mbeart frithdhumpála faoi choinníoll go méadófar acmhainneachtaí. Dar le ACEA, idir 2006 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 14 % ar acmhainneacht an Aontais, agus tháinig méadú 33 % ar an tomhaltas le linn na tréimhse céanna.

(199) Thug an Coimisiún dá aire gur tugadh aghaidh ar an maíomh sin cheana in aithris (171) den Rialachán sealadach agus nár tugadh aon eilimint ná fianaise nua ar aghaidh. Bhreathnaigh an Coimisiún go bhféadfadh tionscal ARW de chuid an Aontais, dá mba ghá, a acmhainneacht a mhéadú faoi fhógra réasúnta gearr, ós rud é nár bhain an infheistíocht ábhartha ar thagair na húsáideoirí di leis na foirnéisí ná na bothanna péinteála, ach le meaisíní teilgin is féidir a shuiteáil go héasca. Dá bhrí sin, murar infheistigh táirgeoirí ARW de chuid an Aontais in acmhainneacht táirgeachta bhreise, ba é ba chúis leis sin a staid eacnamaíoch dheacair agus an easpa conarthaí todhchaí leordhóthanacha ó na monaróirí gluaisteán chun údar a thabhairt leis an infheistíocht sin. Dá réir sin, ní raibh dreasacht leordhóthanach ag an Aontas infheistiú in acmhainneacht bhreise in éagmais méadú intuartha ar éileamh a tháirgthe.

(200) Ina theannta sin, bhí tomhaltas an Aontais cothrom le 64,31 mhilliún aonad sa tréimhse imscrúdúcháin. Bhí acmhainneacht iomlán an tionscail de chuid an Aontais cothrom le 61,29 milliún aonad, cé go raibh an táirgeadh iomlán de chuid an Aontais cothrom le 48,75 mhilliún aonad i dtréimhse an imscrúdaithe agus go raibh onnmhairí an tionscail de chuid an Aontais cothrom le 2,71 milliún aonad, rud a d'fhág go raibh acmhainneacht 9,83 mhilliún aonad gan úsáid. Dá dhroim sin, bhí acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ag tionscal an Aontais cheana chun beagnach éileamh iomlán ARW de chuid an Aontais a chumhdach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtríú tíortha tuilleadh soláthair a dhéanamh do mhargadh an Aontais. Mhéadaigh acmhainneacht dhomhanda iomlán ARWanna fiú le teacht na dtáirgeoirí de chuid Mharacó. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(201) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA nach raibh fianaise mar thaca le líomhain an Choimisiúin nach mbaineann na hinfheistíochtaí ábhartha le foirnéisí ná leis na bothanna péintéireachta, ach le meaisíní teilgin ar féidir iad a shuiteáil go héasca. Mhaígh ACEA gur léirigh na húsáideoirí comhoibríocha go bhfuil an easpa bothanna péintéireachta leordhóthanacha ar cheann de na baic mhóra a chuireann teorainn le hacmhainneacht táirgeachta an Aontais.

(202) Thug an Coimisiún faoi deara gur bhain an fhianaise a chuir Úsáideoir A isteach leis an easpa acmhainneachta táirgeachta ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais do na blianta 2015-2016, agus dá bhrí sin roimh an tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, níor chuir Úsáideoir A aon doiciméad ar fáil a léirigh fadhbanna maidir le hacmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir le hÚsáideoir B, rinneadh na doiciméid a soláthraíodh a dhátú freisin roimh an tréimhse faoi bhreathnú (dátaíodh an chuid is mó díobh in 2016). Mar sin féin, le linn na cuairte fíorúcháin, dhearbhaigh Úsáideoir B "le linn gnáthbhliana amhail 2018/2019, ní raibh aon ghanntanas rothaí alúmanaim ann". Níor chuir ACEA ná aon úsáideoir eile aon fhianaise ar fáil maidir le ganntanas táirgeachta mar gheall ar easpa bothanna péintéireachta leordhóthanacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(203) Le linn an imscrúdaithe, bhailigh an Coimisiún fianaise go ndearna tionscal an Aontais infheistíocht i mbothanna péintéireachta nuair a aistríodh an tomhaltas chuig níos mó rothaí gearrtha diamantacha, rud a d'éiligh dhá chasadh i línte péintéireachta. Maidir le hinfheistíochtaí i mbothaí péintéireachta agus i dtrealamh teilgthe, bhailigh an Coimisiún cóipeanna de shonraisc cheannaigh a léiríonn go raibh tionscal an Aontais in ann a acmhainneacht a mhéadú san am a chuaigh thart nuair a bhí éileamh áirithe ar a tháirgí. Mheas an Coimisiún nárbh fhéidir faisnéis níos mionsonraithe a áireamh sa chomhad neamhrúnda mar bhain an fhaisnéis atá i gceist le hidirbhearta sonracha aonair arb ionann iad agus sonraí nach féidir achoimre a dhéanamh orthu de réir bhrí Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(204) Mhaígh ACEA gurb amhlaidh, tráth a bhuaigh soláthróirí de chuid Mharacó tairiscintí chun rothaí a sholáthar don Aontas, nach raibh aon acmhainneacht táirgeachta bhreise le tairiscint ag tionscal an Aontais agus dá réir sin cumhdaíodh riachtanais straitéiseacha leis na hallmhairí sin le haghaidh na monaróirí gluaisteán.

(205) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair ACEA fianaise ar an maíomh sin, mar shampla maidir le tairiscintí nárbh ann d'aon tairiscint phraghais ó tháirgeoirí an Aontais ina leith, go háirithe le haghaidh na dtairiscintí a bhuaigh na táirgeoirí de chuid Mharacó. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár soláthraíodh aon fhianaise nár sholáthair tionscal ARW an Aontais ARW de bhun iarrataí ó mhonaróirí gluaisteán le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([27]). Mar a luadh cheana thuas, tá acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais, i dteannta ceann na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i dtríú tíortha, leordhóthanach den chuid is mó chun riachtanais an tionscail gluaisteán a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(206) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA nár chinn aon cheann de tháirgeoirí an Aontais infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht táirgeachta bhreise, agus tháinig méadú leanúnach ar tháirgeacht gluaisteán san Aontas ó 2013 i leith.

(207) Chinn an Coimisiún, áfach, gur tháinig méadú thart ar 10,8 milliún ítim ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse sin (ó 51,644 mhilliún ítim ([28]) in 2013 go dtí 62,475 mhilliún ítim ([29]) in 2019). Dá bhrí sin, níor thacaigh aon fhianaise leis an maíomh agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.

(208) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh ACEA a mhaíomh nach féidir le tionscal an Aontais freastal ar an éileamh san Aontas, fiú i margadh suaite agus laghdú stairiúil ar an éileamh.

(209) Thug an Coimisiún faoi deara go raibh úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais cothrom le 80 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, bhí acmhainneacht spáráilte bhreise ann chun freastal ar an éileamh. Chomh maith leis sin, ní raibh aon cheanglas ann go mbeadh sé d'oibleagáid ar thionscal an Aontais an t-éileamh iomlán a shásamh. D'fhéadfadh úsáideoirí ARW a allmhairiú ó aon cheann de na tríú tíortha táirgthe freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(210) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA gur chuir sé fianaise ar fáil a léirigh nach raibh aon acmhainneacht táirgeachta bhreise ag tionscal an Aontais agus dá bhrí sin gur chumhdaigh allmhairí Mharacó riachtanais straitéiseacha do mhonaróirí gluaisteán. Thairis sin, chuir ACEA fianaise ar fáil maidir le heaspa táirgeachta thionscal an Aontais in 2016.

(211) Mheas an Coimisiún nach raibh fianaise leordhóthanach ag baint leis an maíomh. Mar shampla, níor chuir ACEA cruthúnas ar fáil maidir le haon tairiscint a bhuaigh soláthróirí Mharacó nuair nár ghlac táirgeoirí an Aontais páirt sa phróiseas tairisceana. Maidir leis an easpa táirgthe, níor thíolaic ACEA fianaise a léirigh fadhb shistéamach toisc gur bhain an fhianaise a soláthraíodh le tréimhse roimh an tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(212) Mhaígh ACEA nár thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfíoras gur mhéadaigh costais na monaróirí gluaisteán de dheasca éifeachtaí carnacha na mbeart frithdhumpála a cuireadh i bhfeidhm ar amhábhair, codanna agus comhpháirteanna eile a úsáideadh le haghaidh táirgeadh gluaisteán.

([27]) Tar éis an nochta shealadaigh, thuairiscigh Úsáideoir A gurb amhlaidh in 2014 le haghaidh tionscadal amháin nach raibh táirgeoir de chuid an Aontais in ann 100 % ach 85 % den chainníocht a iarradh. Mar sin féin, measann an t-úsáideoir fós go bhfuil an táirgeoir sin de chuid an Aontais ina phríomhsholáthróir agus níor ardaigh sé maímh ná níor sholáthair sé fianaise gur tharla an laghdú sin ar sholáthar ón táirgeoir sin san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/109, aithris (136).

([29]) Aithris (97) den Rialachán sealadach.

(213) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair ACEA aon fhianaise thacaíochta maidir leis an maíomh sin. Fiú más féidir gur mhéadaigh costais a soláthróirí agus gur cuireadh ar aghaidh, go hiomlán nó go páirteach, iad chuig na monaróirí gluaisteán, is cosúil nach é a tháinig as sin tionchar diúltach ar a staid eacnamaíoch. Mar a léirítear in aithris (175) den Rialachán sealadach, d'fhoilsigh na monaróirí gluaisteán torthaí airgeadais le haghaidh 2021 a sháraigh na gnáthbhrabúis a tuairiscíodh le linn na mblianta roimhe sin. Ar deireadh, mar a leagtar amach cheana in aithris (169) den Rialachán sealadach, tá céatadán an chostais ar ARWanna agus gluaisteán á tháirgeadh beag, agus é cothrom le thart ar 0,5 %. Dá bhrí sin, bhí tionchar na mbeart ar mhonaróirí gluaisteán an-teoranta agus diúltaíodh don mhaíomh.

(214) Tar éis an nochta deiridh, níor aontaigh ACEA le measúnú an Choimisiúin san aithris thuas. D'áitigh ACEA go mbeidh costas breise EUR 241-413 mhilliún i gceist leis na dleachtanna frithdhumpála. Is méid suntasach é sin do mhonaróirí gluaisteán i gcás tionscail atá fós thíos mar gheall ar leibhéal íseal táirgthe gluaisteán san Aontas agus a mbíonn orthu costais bhreise chomhshaoil a iompar san am céanna.

(215) Thug an Coimisiún faoi deara nár chuir ACEA in aghaidh thorthaí an Choimisiúin gur beag an sciar de ARWanna i gcostas iomlán táirgthe gluaisteáin, thart ar 0,5 % agus nach mbeadh sa dleacht frithdhumpála réasúnta íseal ach codán den 0,5 % sin. Níor cuireadh aon fhianaise isteach a léiríonn nach mbeidh na monaróirí gluaisteán in ann na costais sin a iompar. Ina theannta sin, d'ainneoin chruinneas an chostais breise arna mheas ag ACEA, bunaíodh an meastachán ar na costais bhreise ar spriocphraghas an Aontais agus dá bhrí sin baineann sé leis na corrlaigh díobhála atá ann cheana. Mar sin féin, bhí an dleacht bunaithe ar na corrlaigh dhumpála a bhí níos ísle ná na corrlaigh díobhála a suíodh agus, dá thoradh sin, bheadh éifeachtaí na dleachta frithdhumpála níos ísle ná na méideanna arna meas ag ACEA. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(216) Mhaígh ACEA gur mheas cuid dá chomhaltaí go bhfuil soláthróirí de chuid Mharacó tiomanta i gcónaí faireachán a dhéanamh ar thionchar CO_2 na slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí an soláthar a atreorú chuig tríú tíortha eile bheadh tionchar suntasach aige sin ar acmhainneacht monaróirí gluaisteán a spriocanna laghdaithe CO_2 a chomhlíonadh.

(217) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair ACEA aon fhianaise thacaíochta maidir leis an maíomh sin cé gur nochtadh le faisnéis a fuarthas le linn cuairt fíorúcháin ar úsáideoir comhoibríoch amháin go bhfuil an tsaincheist chéanna roimh allmhairí de chuid Mharacó maidir lena dtionchar ar spriocanna laghdaithe CO_2 de chuid monaróirí gluaisteán de dheasca an achair idir na monarchana de chuid Mharacó agus monarcha na monaróirí gluaisteán san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(218) Tar éis an nochta deiridh, thagair ACEA dá phlean 10 bpointe chun cuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip ([30]) a chur chun feidhme chomh maith leis an bhfíoras gur chuir Úsáideoir B fianaise ar fáil tar éis na cuairte fíoraithe go bhfuil allmhairí Mharacó tábhachtach maidir leis an tionchar ar CO_2 mar gheall ar ghaireacht gheografach mhonarchana Mharacó agus mhonarchana mhonaróirí na ngluaisteán.

(219) Thug an Coimisiún faoi deara nár luadh sa phlean 10 bpointe tionchar allmhairí rothaí i gcoitinne, agus tionchar Mharacó go háirithe. Dá bhrí sin, ní fianaise iomchuí a bhí sa phlean maidir leis an maíomh a shonraítear in aithris (215) thuas. Ina theannta sin, thuairiscigh Úsáideoir B go deimhin gur thug sé isteach an critéar maidir le hastaíochtaí CO_2 chun soláthróirí a roghnú agus gurb é an sprioc an t-achar idir na monarchana agus na soláthróirí a laghdú, rud a laghdódh an cló carbóin. Mar sin féin, dúirt Úsáideoir B freisin go bhfuil an iomaíocht ina fhachtóir an-tábhachtach ó thaobh soláthróir a roghnú. Ina theannta sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise go ndearna Úsáideoir B measúnú iarbhír ar an gcritéar sin le linn an phróisis tairisceana nó gur tugadh neamhaird ar tháirgeoir mar gheall ar na critéir astaíochtaí CO_2. Ar deireadh, fiú dá mbeadh ról ríthábhachtach ag an gcritéar sin amach anseo, níl sé mar chuspóir ag na bearta frithdhumpála go gcuirfí deireadh le hallmhairí ó Mharacó, ach chun a áirithiú go dtiocfaidh siad isteach san Aontas ar phraghsanna cothroma. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(220) Mhaígh ACEA gur thionscain Oifig Cairtéil Fheidearálach na Gearmáine imscrúdú i Márta 2022 in aghaidh táirgeoir de chuid an Aontais, bunaithe ar líomhaintí maidir le hiompar lenar srianadh iomaíocht. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire nach ndearnadh aon mhaíomh maidir le héifeachtaí féideartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar an iompraíocht líomhnaithe sin. In aon chás, tá an t-imscrúdú sin fós ag dul ar aghaidh agus níor thángthas ar aon toradh fós. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([30]) https://www.acea.auto/files/ACEA_10-point_plan_European_Green_Deal.pdf.

(221) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh ACEA nár cheart na bearta frithdhumpála a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh toradh ar an imscrúdú arna dhéanamh ag Oifig Chairtéil Chónaidhme na Gearmáine in imthosca eisceachtúla den sórt sin agus i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin agus an dea-chleachtais riaracháin a forbraíodh i gcás píopaí gan uaim ([31])

(222) Mar a míníodh cheana féin in aithris (220) thuas, ní dhearna an riarachán náisiúnta aon chinneadh fós. Os a choinne sin, i gcás píopaí gan uaim, níor cuireadh na dleachtanna i bhfeidhm ach amháin tar éis cinneadh cinntitheach a eisiúint lenar gearradh smachtbhannaí ar an gcleachtas frithiomaíoch agus nuair ba léir gur bhain an cleachtas sin leis an tréimhse faoi bhreathnú san imscrúdú agus gur chumhdaigh sé an táirge lena mbaineann. Ní raibh aon cheann de na heilimintí sin i láthair sa chás atá idir lámha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.3. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(223) Ar bhonn a bhfuil thuas agus in éagmais aon bharúil eile, rinneadh na conclúidí a leagtar amach in aithris (177) den Rialachán sealadach a dheimhniú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(224) I bhfianaise na gconclúidí ar ar thángthas maidir leis an dumpáil, an díobháil, leis an gcúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála don tionscal de chuid an Aontais le hallmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(225) Mar a léirítear in aithris (63), athbhreithníodh na corrlaigh dhumpála beagáinín ag an gcéim chinntitheach.

(226) Ar bhonn a bhfuil thuas, rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ba cheart iad a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Maracó	HANDS 8 S.A.	9,01	44,0	9,0
	DIKA MOROCCO AFRIKA S.A.R.L	17,54	51,6	17,5
	Gach cuideachta eile	17,54	51,6	17,5

(227) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin, dá bhrí sin, infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

([31]) Rialachán (CE) Uimh. 1322/2004 ón gComhairle an 16 Iúil 2004 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2320/97 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píopaí agus feadán iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail áirithe gan uaim de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise agus na Rómáine, (IO L 246, 20.7.2004, lch. 10)

(228) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Is chuig an gCoimisiún nach mór an iarraidh a sheoladh ([32]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(229) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór don sonrasc a bheith i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(230) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má sholáthraítear sonrasc a chomhlíonann na riachtanais go léir a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé, ar nós i ngach cás eile, go n-éileoidh siad doiciméid bhreise (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun críocha cruinneas na sonraí sa dearbhú a dheimhniú agus chun a áirithiú go bhfuil údar maith le an ráta dleachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, i gcomhréir le dlí custaim.

(231) Dá dtarlódh sé go dtiocfadh méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí de chuid ceann de na cuideachtaí a bhaineann tairbhe as na rátaí dleachta aonair níos ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí méadú i méid mar sin a mheas ann féin mar athrú i bpatrún na trádála de bharr fhorchur na mbeart laistigh de shainmhíniú Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, is féidir imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Leis an imscrúdú sin is féidir *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá chun ráta nó rátaí dleachta aonair a bhaint agus dleacht a fhorchur ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

(232) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(233) Staidreamh rothaí bóthair alúmanaim de mótarfheithiclí cheannteidil 8701 go 8705 bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, sloinntear iad go minic de réir líon na bpíosaí. Mar sin féin, ní ann d'aon aonad forlíontach le haghaidh rothaí bóthair alúmanaim de mhótarfheithiclí cheannteidil 8701 go 8705 bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, ar boinn iad a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([33]). Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh gur gá an líon aonad le haghaidh na n-allmhairí den táirge lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht, anuas ar an meáchan in kg nó tonaí. Ba cheart na hítimí a léiriú le haghaidh chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50).

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(234) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a fuarthas agus leibhéal an díobhála a rinneadh don tionscal de chuid an Aontais, ba cheart na méideanna a daingníodh leis na dleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach, a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán reatha.

([32]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/België/An Bheilg.

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

8.3. **Forchur cúlghabhálach beart frithdhumpála**

(235) Mar a léirítear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(236) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís ar cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(237) Bhreathnaigh an Coimisiún go raibh an méid na n-ítimí a allmhairíodh le linn na tréimhse réamhnochta (an 18 Meitheamh 2022 – an 16 Iúil 2022) cothrom le thart ar 291 000 aonad, ar laghdú 11 % é sin i gcomparáid le meánmhéideanna allmhairiúcháin míosúla le linn na tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ar a ndearnadh anailís sa Rialachán maidir le clárú, is é sin ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022. Dá bhrí sin, níor aimsigh an Coimisiún fianaise ar stoc-charnadh féideartha le linn na tréimhse réamhnochta. Ina theannta sin, tháinig méadú 11 % ar phraghsanna allmhairiúcháin i gcomhréir leis an méadú ar phraghsanna LME 3 mhí. Dá dhroim sin, níorbh ann d'aon fhianaise go ndearnadh dochar leis na hallmhairí d'éifeachtaí feabhais na ndualgas.

(238) Ar an mbonn sin, níor comhlíonadh na coinníollacha dlíthiúla faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, níor cheart na dualgais a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí cláraithe.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(239) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([34]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(240) Níor thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déantar dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí rothaí bóthair alúmanaim de mhótarfheithiclí cheannteidil 8701 go 8705 bíodh a ngabhálais feistithe orthu nó ná bíodh agus bíodh boinn feistithe orthu nó ná bíodh, rud atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8708 70 10 agus ex 8708 70 50 (cóid TARIC: 8708 70 10 15, 8708 70 10 50, 8708 70 50 15 agus 8708 70 50 50) agus de thionscnamh Mharacó.

2. Is mar a leanas a bheidh ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, atá ar na táirgí a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Maracó	HANDS 8 S.A.	9,0 %	C873
	DIKA MOROCCO AFRIKA S.A.R.L	17,5 %	C897
	Gach cuideachta eile	17,5 %	C999

([34]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis a eiseoidh an sonrasc sin, a shainaithneofar le hainm agus le feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i Maracó. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.*" Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcás ina gcuirfear dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i isteach i ndáil leis an táirge dá dtagraítear i mír 1, cuirfear líon na dtáirgí allmhairithe isteach i réimse ábhartha an dearbhaithe sin, gan dochar don aonad forlíontach atá sainithe san Ainmníocht Chomhcheangailte.

5. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

Déanfar na méideanna a fhaightear ón dleacht frithdhumpála shealadach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1221 ón gCoimisiún a bhailiú go cinntitheach.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN